Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017



An tUasal Charlie Flanagan TD,
An tAire Dlí agus Cirt agus
Comhionannais, 51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

31 Márta 2018

A Aire, A Chara

Is pléisiúr dúinn an 12ú Tuarascáil Bhliantúil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Le dea-mhéin,

| | |
|---|---|
| Breitheamh Mary Ellen Ring, Cathaoirleach | Kieran FitzGerald, Coimisinéir |

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73

(01) 871 6727 1890 600 800 (01) 814 7023 info@gsoc.ie www.gardaombudsman.ie

# GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **An tAcht** | Is é an príomhacht lena rialaítear feidhmiú COGS, ná Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print |
| **AIO** | Oifigeach Cúnta Imscrúduithe |
| **Airmheán** | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, agus is amhlaidh a bhfuil dóchúlacht chothrom d'uimhir a bheith de luach níos mó nó níos lú. |
| **Airteagal 2** | Luaitear in Airteagal 2 den Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) go gcosnófar ceart an duine chun na beatha faoi rialú an dlí. |
| **As am** | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhas a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi. |
| **Ball i bhfeighil** | An ball den Gharda Síochána atá ainmnithe le bheith freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta; na rialacháin a bhaineann le daoine faoi choimeád i stáisiún na nGardaí. Féadfaidh an ball seo a bheith d'aon chéim an Gharda Síochána. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil, agus liosta de dhualgais an bhaill atá i bhfeighil a léamh in ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach ar an leathanach roimhe seo). |
| **CECD** | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Is féidir iad a léamh ag: http://www.echr.coe.int/ Documents/Convention_ENG.pdf |
| **COGS** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (an eagraíocht). |
| **An Coimisiún Ombudsman** | Triúr Coimisinéirí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| **DLP** | Duine Idirchaidrimh Ainmnithe faoi threoirlínte "tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leasa do Leanaí". |
| **DMR** | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. (RCBAC) |
| **DO** | Oifigeach Ainmnithe - oifigeach de chuid COGS ar ainmníodh sa Choimisiún é i scríbhinn chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Chuid 4 den Acht, cuid lena dtagraítear do dhéileáil le 'Gearáin, Imscrúduithe agus Nósanna Imeachta eile'. |
| **Gearán** | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do COGS maidir le hiompar baill aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó ná líomhain amháin in aghaidh ball amháin nó níos mó ná ball amháin den Gharda Síochána a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach Garda a mheasúnú ina n-aonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| **Gníomh araíonachta** | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur ar Gharda tar éis imscrúdaithe a dhéanamh. Tá dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann na leibhéil seo le sáruithe neamhthromchúiseacha agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach |
| **GSIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, a dhéanann imscrúdú ar ghearáin ina líomhnaítear sáruithe na Rialachán Araíonachta. |

| | |
|---|---|
| **Imscrúdú** | Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil, caithfear é a imscrúdú. De réir alt 98 den Acht, is é imscrúdaitheoir de chuid COGS a imscrúdaíonn gearán ar bith a chuimsíonn líomhain go ndearnadh cion coiriúil. Is é GSIO (féach thuas) de ghnáth a imscrúdaíonn gearán a chuimsíonn líomhain de chineál araíonachta agus déanann sé amhlaidh faoi na Rialacháin Araíonachta agus de réir alt 94 den Acht. I gcásanna ina meastar sa Choimisiún Ombudsman gurb é an rud cuí a dhéanamh, féadfaidh imscrúdaitheoir de chuid COGS maoirseacht a dhéanamh ar na himscrúduithe sin. Féadfaidh an COGS ceisteanna neamhchoiriúla a imscrúdú chomh maith, de réir alt 95 den Acht. |
| **Inghlacthacht** | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. |
| **IO** | Oifigeach imscrúduithe |
| **IRM** | Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mBealtaine 2014. bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar an Gharda Síochána nó easnaimh san imscrúdú a leanfadh líomhaintí den sórt sin, agus bhí súil ag an meicníocht cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfadh aon ghníomhaíocht sa bhreis i ngach cás. |
| **Líomhain** | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin. Is iad líomhaintí ná iompraíochtaí aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| **OGP** | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| **Ombudsman** | Ombudsman an Gharda Síochána |
| **PAS** | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. |
| **PDU** | An tAonad um Nochtaí Cosanta |
| **Rabhadh** | Is smachtbhanna é seo a d'fhéadfadh Coimisinéir na nGardaí a chuireadh ar Gharda i gcás shárú na rialachán araíonachta, (féach thíos) -féadfaidh an rabhadh a bheith foirmeáilte nó neamhfhoirmeáilte. |
| **Rialacháin choimeádta** | An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána) Rialacháin, 1987 - rialacháin a bhaineann le daoine a choinneáil i stáisiúin na ngardaí. Is féidir iad a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print |
| **Réiteach neamhfhoirmiúil** | Is próiseas é seo a thairgtear i gcás líomhaintí neamhthromchúiseacha, míbhéas, mar shampla. Is éard atá i gceist leis ná go labhraíonn cásoifigeach de chuid COGS leis an dá pháirtí agus é mar aidhm aige tuiscint níos fearr a chur le dearcaí na páirtithe faoi seach, teacht ar chomhaontú agus an cheist a réiteach. Déantar foráil ina leith in alt 90 den Acht. |
| **RTI** | Teagmhas tráchta ar bhóithre nó imbhualadh. |
| **Rialacháin Araíonachta** | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print |
| **SIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe |
| **SIP** | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí |

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA,
# AN 12ú TUARASCÁIL BHLIAINTIÚIL 2017


Athbhreithniú na bliana ........ 7

**Rannán 1: Gearáin agus imscrúduithe ........ 11**

1.1 Méid na bhFiosruithe ........ 11

1.2 Méid na nGearán agus Líon na Líomhaintí ........ 11

Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na gearáin (Iomlán na nGearán: 1,949) ........ 11

Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannáin Garda (seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath) .... 12

Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannáin Garda (Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath) ........ 12

1.3 Na nithe a ndéanann daoine gearán fúthu ........ 13

Cairt 2: Cineálacha líomhna (Líon na líomhaintí: 4,459) ........ 13

1.4 Inghlacthacht ........ 13

Cairt 3: Cinntí maidir le hInghlacthacht Ghearáin (Líon na nGearán: 1949) ........ 13

1.5 Gearáin neamh-inghlactha ........ 14

Cairt 4: Cúiseanna le neamh-inghlacthacht na líomhaintí i gcásanna a raibh gearáin go hiomlán neamh-inghlactha (Líomhaintí neamh-inghlactha: 841) ........ 14

1.6 Gearáin inghlactha ........ 14

Cairt 5: Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil (Líon na ngearán a rinneadh imscrúdú orthu: 1,320) ........ 14

1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla ........ 15

1.6.2 Imscrúduithe araíonachta ........ 15

1.6.3 Torthaí na n-imscrúduithe ........ 19

Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh i 2017 ........ 20

Tábla 2: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm ag deireadh na ..... n-imscrúduithe araíonachta ........ 22

1.6.4 An t-am a thóg sé chun cásanna a dhúnadh ........ 22

Cairt 6: An t-am a thóg sé chun cásanna a dhúnadh (tomhaistear i laethanta) ........ 22

**Rannán 2: Imscrúduithe Neamhspleácha ar Bhás nó ar Dhíobháil Thromchúiseach ........ 24**

2.1 Atreorúcháin ón Gharda Síochána faoi alt 102(1) ........ 24

Cairt 7: Cúinsí taobh thiar de na hatreorúcháin ........ 24

Cairt 8: Cineálacha Imscrúduithe in Atreorúcháin

Léarscáil 3: Atreorúcháin de réir Rannáin Garda(seachas Réigiún CathrachBhaile Átha Cliath)... 26

Léarscáil 4: Atreorúcháin de réir Rannáin Garda – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath ........ 26

Tábla 3: Na cineálacha imscrúdaithe a rinneadh agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe tar éis atreorúchán a dúnadh i 2017) ........ 28

**Rannán 3: Imscrúduithe chun leas an phobail ........ 29**

**Rannán 4: Gníomhaíochtaí dlí sa bhliain 2016 tar éis imscrúduithe coiriúla ........ 31**

**Rannán 5: Bonn eolais a chur faoi Bheartas Garda agus Cleachtas póilíneachta ........ 32**

**Rannán 6: Nochtuithe Cosanta ........ 35**

**Rannán 7: Forbairtí Reachtacha** ..... **37**
Tábla 4: Iarratais faisnéise a próiseáladh i 2017 ..... 39

**Rannán 8: An Fhoireann** ..... **43**
Cairt 9: Leithdháileadh acmhainní daonna agus Struchtúr Eagraíochta ..... 44

**Conclúid** ..... **45**

**Aguisín 1: Rialachas, Airgeadas agus Rialuithe Inmheánacha** ..... **46**
Tábla Á: Dátaí a raibh na Coimisinéirí i láthair ..... 48
Tábla B: Caiteachas i 2017 ..... 49
Tábla C: Miondealú ar shocair na bhfostaithe: ..... 49

**Aguisín 2: Próifíl na nGearánach i 2017** ..... **51**
Cairt 10: Inscne ..... 51
Cairt 11: Aois ..... 51
Cairt 12: Náisiúntacht ..... 51
Cairt 13: Tír bhreithe ..... 51
Cairt 14: Eitneacht ..... 52
Cairt 15: Teanga ..... 52
Cairt 16: Míchumas ..... 52
Cairt 17: Creideamh ..... 52
Cairt 18: Tithíocht ..... 53
Cairt 19: Leibhéal is airde oideachais ..... 53
Cairt 20: Fostaíocht ..... 53

**Aguisín 3: Próifíl na ngardaí a ndearnadh gearáin fúthu i 2017** ..... **54**
Cairt 21: Inscne na nGardaí i líomhaintí ar glacadh leo i 2017 ..... 54
Cairt 22: Céim na mball den Gharda Síochána i líomhaintí ar glacadh leo i 2016 ..... 54

**Aguisín 4: Dearcaí An Phobail** ..... **55**

## ATHBHREITHNIÚ NA BLIANA

### Réamhrá

Ba bhliain ghnóthach chorrach d'earnáil an cheartais agus do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) í an bhliain atá faoi bhreithniú sa tuarascáil seo. Bhí conspóidí polaitíochta, lena n-airítear An Binse Fiosrúcháin maidir le Nochtuithe Cosanta agus ar ndóigh níor stop an t-iniúchadh poiblí ar bhaill an nGarda Síochána agus ar a ngníomhartha. Agus na rudaí seo ag dul ar aghaidh sa chúlra; d'fhogair an t-iarchoimisinéir Nóirín O'Sullivan go raibh sí ag dul ar scor i Meán Fómhair agus d'éirigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí ann ag an am Frances Fitzgerald as an gComh-aireacht i mí na Samhna. Bunaíodh an Coimisiún um Thodhchaí na póilíneachta in Éirinn níos luaithe i mbliana agus ní hamháin córas feidhmithe na nGardaí atá faoi scáth aige. Cuimsíonn ról an Choimisiún seo comhlachtaí maoirseachta na bpólíní, COGS san áireamh.

I mí na Samhna 2017, ba chun post nua mar Phríomhchigire le Cigireacht an Gharda Síochána ba chúis le héirí as Mark Toland, an té a ceapadh ina choimisinéir COGS i Nollaig 2016. Ní raibh próiseas ceapacháin a chomharba críochnaithe fós ag deireadh na bliana.

Thug an Coimisiún tús áite don ghá seasmhacht a neartú san eagraíocht i 2017 agus í bunaithe le 10 mbliana i 2017. Chun na críche sin, rinneadh go leor oibre sa Choimisiún chun an t-athrú reachtach agus na hacmhainní sa bhreis a aithint a bhfuil gá leo chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

Leag an Coimisiún béim ar easpa acmhainní chun dul i ngleic le himscrúduithe casta nó chun imscrúduithe ar mhaith le COCS a dhéanamh a thosú. Mar shampla bhí gá le roinnt daoine seachtracha a raibh scileanna speisialta acu a earcú chun dul i ngleic le himscrúdú casta ar leith (cuntais airgid a bhaineann le Coláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór) Don chéad uair riamh, bhí ar COGS leas a bhaint as forálacha Alt 74 d'Acht an Gharda Síochána agus cabhair speisialta an Gharda Síochána a fháil chun an t-imscrúdú a dhéanamh. Lorgaíodh cabhair ó na Coimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Cuireadh tús leis an earcaíocht d'Aonad na Nochtuithe Cosanta i ndeireadh na bliana, aonad a bhfuil gá leis chun dul i ngleic le líon na nochtuithe a ndearnadh do na Coimisinéirí cé go bhfuil líon na smachbhannaí níos ísle ná a bhí coinne acu leis. (tugadh smachtbhanna do chúig bpost seachas na 12 cinn a bhí á lorg ag COGS)

Tá árdú 10% ar líon na ngearán a rinneadh do COGS i 2017 agus tá méadú ar líon na n-atreorúchán a rinne Gardaí. (Léigh Rannán 1 le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil faoi sin)

### Eachtraí suntasacha

- Ó bunaíodh an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, tá díospóireachtaí i mbéal an phobail maidir leis na bealaí ina ndéantar an phóilíneacht agus maidir le struchtúrtha agus oibríochtaí in earnáil an cheartais. Bhuail COGS leis an gCoimisiún i 2017 agus téann sé i dteagmháil go leanúnach leis. Beidh éiginnteacht i gceist leis an earnáil go dtí go gcríochnóidh an Coimisiún a thuarascáil dheireanach agus tá súil léi a bheith ar fáil i Meán Fómhair 2018.
- Ba bheart tábhachtach é d'Aonad na Nochtuithe Cosanta smachtbhannaí a ghearradh ar na baill foirne ionas go mbeadh COGS ábalta a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh do ghardaí ar mhaith leo a leithéidí de nochtuithe a dhéanamh. Tá an Coimisiún ag fáil nochtuithe cosanta ó 2016 ach níor fhéadfaí an dul chun cinn a dhéanamh gan na hacmhainní cuí chun dul i ngleic leo. Ag deireadh 2017 bhí an Coimisiún ag dul i ngleic le 25 nochtuithe mar seo.
- B'fhiontar nach beag é an t-imscrúdú chun leas an phobail ar mhíbhainistíocht chistí an AE atá líomhnaithe agus ar mhíbhainistíocht chistí an stáit a leathddáileadh ar thionscadail phóilíneachta, agus mírialtachtaí airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Dá bharr sin, bhí earcaíocht de thuilleadh ball foirne agus suiteáil an chórais TFC nua riachtanach agus beidh anailís de dhíth ar na mílte doiciméad airgeadais. Cuireadh foireann le chéile agus cuireadh tús leis an imscrúdú i Lúnasa 2017.
- Chríochnaigh imscrúdú chun leas an phobail eile i 2017, ceann faoin gcealú

mícheart d'fhógraí um pionós socraithe a rinne roinnt Gardaí. Tugadh faoin ollimscrúdú casta sin ar scór achainí ón Iar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Mr Alan Shatter TD agus achainí óna chomharba an tIar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Ms Frances Fitzgerald TD i 2014. Bhí ar COGS anailís a dhéanamh ar shonraí a bhain le 1.6 milliún fógra um pionós socraithe (FCNs) agus 74,373 cealú. Sainaithníodh sa tuarascáil a d'fhoilsigh COGS i Nollaig 2017 botúin shuntasacha in inúchadh agus rialúchán na gcealuithe i dtaca le líon agus cineál na gcealuithe sin. Luaitear sa tuarascáil go raibh roinnt cumhdaigh curtha i bhfeidhm ag an Gharda Síochána ó cuireadh tús leis an imscrúdú, cumhdaigh a chuireann srian ar líon na daoine a bhféadfadh fógra a chealú. Chuir COGS deireadh leis an t-imscrúdú ag an bpointe sin agus dúradh go neartódh an béim a leagtar ar fheabhsú na rialachán, agus ar obair cothabhála na meicníochtaí maoirseachta muinín an phobail i dtaca le Córas Pionóis na Muirear Seasta.

### Figiúirí tábhachtacha

- 1,949 gearáin a fuair COGS i 2017, árdú 10% ar líon na gearán a fuair anuraidh.
- 4,459 líomhaintí a bhí sna gearáin sin
- 24 Atreoracháin ón Gharda Síochána i gcásanna go bhféadfadh go raibh "iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine."
- Tarchuiríofh 16 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Mar thoradh orthu tionscnaíodh deich n-ionchúiseamh, níor tionscnaíodh cúig ionchúiseamh agus tá cinneadh amháin fós ar feitheamh.
- Osclaíodh 14 imscúdú ar leas an phobail. (na himscúduithe a tugadh faoi cé nár bhfuair aon ghearán nó atreorúchán ó Choimisinéir na nGardaí) agus dúnadh naoi gcinn.

### I Dtreo na hOlléifeachta.

Úsáideann COGS an-chuid ama agus acmhainní chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht ábalta oibleagáidí nua a chomhlíonadh, oibleagáidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr reachtaíochta. Cinntíonn COGS chomh maith go bhfuil an eagraíocht ábalta chun dul i ngleic le heachtraí nach raibh siúl orthu. Rinneadh an-chuid obair i dtaca leis seo i 2017 sna réimsí seo a leanas:

- I Márta 2017, nuair a bhí COGS 10 mbliana ar an bhfód, cuireadh tús le hathbhreithniú straitéiseach mar gheall ar dhaoine, struchtúrtha agus próisis na heagraíochta. Bhí sé mar cuspóir aige na hathruithe riachtanacha a shainaithint chun éifeachtúlacht COGS a fheabhsú agus mar sin chun seirbhís níos fearr a thabhairt do dhaoine. Roghnaíodh foireann fheabhsú gnó as bhaill foirne COGS chun an athbhreithniú a dhéanamh agus bhí an Coimisinéir a bhí ann ag an am Mark Toland i gceannas uirthi. Eagraíodh an-chuid chomhairlithe leis na baill foirne na heagraíochta agus rinneadh anailís chuimsitheach d'oibríochtaí agus de chleachtais COGS, chuathas i gcomhar le macasamhail eagraíochtaí, lena n-airítear; an tOmbudsman don Phóilíniú i dTuaisceart Éireann (PONI), Coimisinéir athbhreithniú fhiosraithe na bPóilíní (PIRC) in Albain, an tOifig Neamhspleách d'Iompar na bPóilíní (glaodh an Coimisiún Neamhspleách de Ghearáin a ndéantar ar Phóilíní) air roimhe sa Ríocht Aontaithe) agus Oifig an Ombudsman in Éirinn. D'fhoilsigh an BIT an tuarascáil a raibh breis agus 100 moladh inti, moltaí i dtaca le roinnt tionscnaimh athruithe a fhéadfar a chur i gcrích san fhadthéarna— agus roinnt athruithe a fhéadfar a chur i gcrích go ceann tamaill ghairid. Tar éis cúig seachtaine, bhí deis ag baill na foirne aiseolas a thabhairt agus ghlac lucht ardbhainistíochta COGS leis a lán de na moltaí go foirmiúil, agus cuireadh tús le clár cur i bhfeidhm go gairid ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, rinne COGS athbhreithniú ar an gcreat reachtaíochta atá ann agus rinneadh athruithe inmheánacha chun a chinntiú go bhféadfadh an eagraíocht dul in oiriúint d'fhorbairtí reachtacha sa todhchaí gan a thuilleadh athstruchtúrú a dhéanamh.

- Ó Nollaig 2017 ar aghaidh, faoin Acht Tús Áite do Leanaí 2015, tá sé éigeantach do roinnt baill foirne COGS aon chásmhaireacht leas leanaí a thuairisciú. Cé go ndearna COGS atreoracháin i leith páistí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó bunaíodh é i 2007, bhí gá le clár oiliúna agus prótacail nua a thabhairt isteach de bharr fhorálacha an Achta seo.
- Chuir an tAcht um Cheartas Coiriúil (íospartaigh na coireachta) réimse leathan d'oibleagáidí ar COGS i dtaca le híospartaigh na coireachta. Leagtar síos san Acht seo na cineálacha eolais a fhéadann íospartaigh agus íospartaigh féideartha a fháil agus na cineálacha de thacaíocht a fhéadann siad a fháil agus iad ag plé le lucht COGS. Bhí gá le oiliúint foirne sa bhreis dá bharr sin.
- Tar éis bualadh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus oifigigh eile sa Roinn, d'ullmhaigh COGS togra mionsonraithe chun píosa reachtaíochta amháin a chur in áit chodanna ábhartha d'Acht an Gharda Síochána. Lorgaíonn COGS reachtaíocht nua chun an próiseas imscrúdaitheach a chuíchoiriú. Ba mhaith leis béim níos mó a chur ar luathréiteach na ngearán agus neamhspleáchas na heagraíochta a neartú chomh maith. Cuireadh an togra faoi bhráid na Ranna i 2017 agus gheall Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána é a sholáthar don gCoimisiún um Thodchaí na Póilíneachtaí in Éirinn i 2018.

# RANNÁN 1: GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

## SONRAÍ BARRLÍNE

### GLAONNA

**2,517**

D'fhreagair cásoibrithe 2,157 glaonna teileafóin chuig an uimhir íosghlao.

**98%**

Freagraíodh 98% de na glaonna laistigh de 60 soicind.

**341**

Buaileadh le daoine go pearsanta san oifig phoiblí.

### CEISTEANNA

**2,961**

Osclaíodh 2,961 teagmháil sa chóras mar 'ceisteanna' ar dtús. Nuair a fhaightear a dhóthain eolais, athraítear stádas na ceiste go gearán foirmiúil.

### GEARÁÍN

**1,949**

Osclaíodh 1,949 gearán i 2017, ard 10% ar an bhliain seo caite.

**4,459**

Bhí 4,459 líomhain sna gearáin seo (mar is féidir roinnt líomhaintí a bheith i ngearán amháin

## GEARÁÍN

Leagtar na próisis agus na rialacha a chaithfidh COGS a úsáid chun dul i ngleic le gearáin in Ailt 83 - 101 Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú (an tAcht).

## 1.1 MÉÍD NA GCEISTEANNA

I 2017 , d'fhreagair cásoibrithe **2,517** glaonna teileafóin chuig uimhir íosghlao COGS 1890 600 800, freagraíodh **98%** de na glaonna sin laistigh de 60 soicind.


Bhuail cásoibrithe le **341** duine inár n-oifig phoiblí.

Chuaigh cásoibrithe i ngleic le **2,961** ceist trí phost, ríomhphost, facsáil, agus stáisiúin na nGardaí. Ar dtús osclaíodh gach teagmháil mar cheist go dtí go bhfuil a dhóthain eolais againn agus amach ansin glaoitear gearán ar an teagmháil.

## 1.2 MÉÍD NA NGEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ

Osclaíodh **1,949 gearáin i 2017**, árdú 10% ar líon na ngearán a osclaíodh i 2016. Bhí **4,459 líomhaintí** sna gearáin seo — féadann roinnt líomhaintí a bheith i ngearán amháin.

**Cairt 1:** Cúinsí taobh thiar de na gearáin (Líon na ngearán: 1,949)




Na cúinsí ba choitianta a bhí ba chúis leis na gearáin i 2017: conas a láimhseáil na gardaí na himscrúduithe, imeachtaí a bhaineann le póilíneacht na mbóthar agus iompar na ngardaí le linn na ngabhálacha a rinne siad.


> Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi phróifílí na ndaoine a rinne gearáin, agus próifílí na ngardaí lena mbaineann na gearáin inghlactha sna hagúisíní.

Tá léarscáileanna ar an chéad leathanach eile ina dtaispeántar an dáileadh geografach de líomhaintí a rinneadh i gcoinne na ngardaí i 2017. Taispeántar gach líomhain sular fhéad COGS a shocrú na cinn a bhféadfaí glacadh agus dul i ngleic leo nó nach bhféadfaí.


Taifeadadh an líon is mó gearán sa tír in aghaidh gardaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath mar a bheifí ag súil leis, toisc go bhfuil daonra ollmhór ann agus an oiread gníomhaíocht phóilíneachta ar siúl sa phríomhchathair. Bhain na líonta ba mhó le RCBÁC Thiar agus Lár-Theas, díreach mar a bhain freisin i 2016 agus i 2015.

Lasmuigh de RCBÁC, ba iad Luimneach agus Cathair Chorcaí faoi sceach na rannáin a raibh na líonta ab airde de líomhaintí a rinneadh i gcoinne na ngardaí i 2017. Bhí ísliú suntasach i dtaca le líon na líomhaintí a rinneadh i gcoinne na nGardaí i nGaillimh i 2017. I 2016 bhí líon na líomhaintí ansin sa tríú háit tar éis RCBÁC Thiar agus Lár-Theas.

**Léarscáil 1:** Líomhaintí de réir rannáin an Gharda Síochána (seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath)





**Léarscáil 2:** Líomhaintí de réir rannáin an Gharda Síochána (seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath) (DMR)



## 1.3 NA NITHE A NDÉANANN DAOINE GEARÁIN FÚTHÚ

Bíonn na hábhair ghearáin a dhéantar le COGS mórán mar a chéile ó bhliain go bliain.

**Cairt 2:** Cineálacha Líomhaintí (Líon na Líomhaintí: 4,459)





Léirítear i gCairt 2 na hábhair is minice a ndéanann daoine gearáin fúthu:

- Mí-úsáid údaráis – is iad na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mí-úsáid údaráis'; úsáid fornirt iomarcach, nó ordú Gharda chun rud éigin a dhéanamh agus nach gcreideann an gearánach go bhfuil údarás ag an nGarda an t-ordú sin a thabhairt.
- Faillí i ndualgas – Gnáthshampla de 'fhaillí i ndualgas' is ea líomhain gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar aisar dhuine, nó is ea sampla níos tromchúisí ná sin coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart.
- Míchúirtéis – tá gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine sa chatagóir seo.
- Cionta Neamh-mharfacha - is líomhaintí iad seo de chion coiriúil atá liostaithe san Acht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine 1997, mar shampla ionsaí, ciapadh nó priosúnú neamhdhleathach.

## 1.4 INGHLACTHACHT

Déantar gearáin a fhaightear a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach san Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh le haghaidh imscúdaithe. Má shásaítear na critéir sin, is féidir COGS dul i ngleic leo, mura shásaítear iad, meastar gur gearáin neamh-inghlactha iad.

**Cairt 3:** Cinntí maidir le hInghlacthacht Gearán (Líon na nGearán: 1,949)




**Conas a chinnimid cé acu "a ghlacfar" nó "nach nglacfar" Gearán le haghaidh imscrúdaithe?**

De réir alt 87 den Acht, féadfaidh COGS ghlacadh le gearán más rud é:


- **go** ndéanann duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm air nó duine a fheiceann iompar an ghearáin (nó, i gcúinsí áirithe,
  go ndéantar an gearán thar cheann an té is ábhar don ghearán nó a fheiceann iompar an ghearáin); agus,
- **go** bhfuil sé i dtaobh iompair a bheadh dá gcruthófaí é, ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht na nGardaí ag ball den Gharda Síochána; agus,

- **go** ndéantar é laistigh de theoirainn ama bliana ón teagmhas is bun don ghearán; agus
- nach gearán baoth nó bearránach é; agus
- **nach mbaineann** an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána; agus
- **nach mbaineann** an gearán le hiompar arna dhéanamh ag ball den Gharda Síochána nach raibh ar dualgas, **ach amháin** sa chás go dtairraingeodh an t-iompar míchlú ar an nGarda Síóchána dá gcruthófaí é.

## 1.5 GEARÁIN NEAMH-INGHLACTHA

I 2017, measadh nach raibh 586 gearán inghlactha mar níor chomhlíon na líomhaintí a bhí iontu (líon na líomhaintí 841) na critéir inghlacthachta atá leagtha amach san Acht. Taispeántar sa chairt thíos na cúinsí.

**Cairt 4:** Reasons for Inadmissibility of Allegations in Fully Inadmissible Complaints (Inadmissible Allegations: 841)





Ba í an chúis ba choitianta – a baineadh le 575 líomhain fiú dá gcruthófaí é, nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina choir ná ina bhriseadh ar na Rialacháin Araíonachta.

Ba é an dara cúis ba choitianta nár glacadh le gearán lena imscrúdú ná go bhfuarthas na líomhaintí a bhí iontu lasmuigh den teorainn ama (12 mhí) a shonraítear in alt 84 den Acht. I 2017 cinneadh 187 líomhain a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin. Cé go bhfuil beagán lánrogha ag COGS glacadh le gearáin as am, tá gá praiticiúil ann teorainn ama a chur i ngrích de réir mar a mhéadaíonn an tréimhse ama idir an teagmhas líomhnaithe agus an t-am a ndéantar an gearán. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra i dtromlach na gcásanna, fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, ráitis bheachta a fháil etc., agus tríd sin imscrúdú éifeachtach a dhéanamh.

## 1.6 GEARÁIN INGHLACTHA

In 2017, glacadh le 1,330 cás (ina raibh líomhain inghlactha amháin ar a laghad) le himscrúdú. Déileáladh leis na cásanna ansin ar cheann de chúig bhealach, mar a thuairiscítear thíos. Sa chairt thíos, tá sonraí faoin gcineál imscrúdaithe a osclaíodh i 1,320 cás (níor cinneadh fós ag deireadh na bliana an cineál imscrúaithe i deich gcás).

**Cairt 5:** Imscrúduithe a osclaíodh de réir chineáil (Líon na nGearán a ghlacadh le himscrúdú: 1,320)




- Imscúduithe smachta a rinne an Garda Síochána gan stiúir COGS (s.94(1)) (42%)
- Imscrúdú coiriúil (s.98) (32%)
- Imscúduithe araíonachta maoirsithe a rinne an Garda Síochána (s.94(5)) (12%)
- Réiteach neamhfhoirmiúil (s.90) (9%)
- Imscrúdú neamh-choiriúil a rinne COGS (s.95) (5%)

Léirítear i gCairt 5 na bealaí lena ndéileáiltear gach ghearán ar dtús. Féadfar na bealaí seo a athrú le linn shaolré na gcásanna. Mar shampla, is féidir imscrúdú smachta neamh-mhaoirsithe a athrú go ceann maoirsithe nó féadfaidh COGS imscrúdú neamhchoiriúil a dhéanamh. Nó, tar éis gnéithe coiriúla an ghearáin a bheith imscrúdaithe, féadtar breathnú ar aon ghnéithe neamhchoiriúla de.

### 1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla

Déanann imscrúdaitheoirí COGS imscrúdú ar gach líomhain faoi chionta coiriúla ag gardaí (faoi alt 98 den Acht). Osclaíodh 422 imscrúdú coiriúil sa bhliain 2017.

### 1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

**Réiteach neamhfhoirmiúil** (faoi alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, mar shampla i gcásanna ina ndearna duine gearán nár tugadh a réadmhaoin ar ais dó. Féadann sé sin a bheith níos tapa ná imscrúdú foirmiúil.
Tá sé próiseas deonach a bhfuil comhthoil na beirte páirtithe riachtanach. Osclaíodh 116 cás réiteach neamhfhoirmiúil i 2017.

**Staidéar ar chás**

A Rinne fear gearán le COGS faoin mbealach ar labhair Garda leis nuair a chuaigh sé go dtí an stáisiún áitiúil chun a cáipéisí árachais a thaispeáint tar éis mionthaisme bóthair. Cheistigh an Garda bailíocht na gcaipéisí agus d'inis sé dó go ndéanfadh sé na fiosruithe riachtanacha leis an gcomhlacht árachais.

Thairg an ball den phobal dul i dteagmháil lena chomlacht árachais agus cé go ndúirt sé nach raibh gá leis sin, d'fhan an fear sa stáisiún agus chuir sé glao teileafóin ar a chomhlacht. Thairg sé a fhón póca don Gharda ionas go d'fhéadfadh sé labhairt le duine sa chomhlacht, ach níor ghlac an Garda an fón, dúirt sé leis an bhfear an glao a chríochnú sular dhún sé doras an haiste.

Glacadh leis an ngearán agus measadh go raibh sé oiriúnach déileáil leis trí réiteach neamhfhoirmiúil. Thoiligh an bheirt páirtithe leis seo. »

» Labhair cásbhainisteoir COGS leis an bheirt páirtithe ar an bhfón agus míníodh suíomh achan duine leis an bpáirtí eile. Mhínigh an garda don ngearánach cén fáth gur iarradh air deireadh a chur leis an nglao agus dúirt an gearánach gur thuig sé an mhíniú sin. Thuig an Garda cad chuige go raibh an gearánach trína chéile ar an lá agus cén fáth go ndearna sé gearán le COGS. D'aontaigh an bheirt acu gur thángthas ar réiteach sásúil maidir leis an ngearán.

## Staidéar ar chás

Thug Garda faoi deara go raibh fear ag tiomáint a ghluaisteáin agus nach raibh aon chrios sábhála ag an mbeirt pháistí a bhí sa charr. Stop an Garda an fear dá bharr sin. Eisíodh fineáil agus pointí pionóis don bhfear, agus rinne sé gearán le COGS faoin teagmhas a bhí aige leis an Gharda.

Measadh go raibh an cheist faoin bhfineáil agus na pointí pionóis neamh-inghlactha mar is í an Chúirt Dúiche an áit is cuí chun achomharc ar aon phionós a dhéanamh. Bíodh sin mar atá, glacadh leis an ngearán faoin mbealach ar labhair an garda leis agus measadh go raibh sé oiriúnach déileáil leis trí réiteach neamhfhoirmiúil. Thoiligh an Garda agus an gearánach araon leis seo.

Trí idirghabháil tointeála ar an bhfón, mhínigh bainisteoir cásanna COGS an dearcadh a bhí ag páirtí amháin leis an duine eile, agus a mhalairt. Mhínigh an garda cad chuige a dtarraingíodh an feithicil isteach.Ghlac an gearánach leis an mhíniú. D'aontaigh an bheirt acu gur thángthas ar réiteach sásúil maidir leis an ngearán.

**Imscrúdú araíonachta faoin mhaoirseacht agus Imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht** (faoi alt 94 an Achta) – Déanann Ceannfoirt an Gharda Síochán na fiosrúcháin seo de réir na Rialachán Araíonachta. Féadfann COGS a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé maoirseacht ar an imscrúdú. Ní dhéantar maoirseacht ar fhormhór na ngearán a chuirtear chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú faoi alt 94.

- Más imscrúdú gan mhaoirseacht é, de réir na bprótacal atá ann idir COGS agus an Garda Síochána, ní mór an t-imscrúdú a chríochnú agus ní mór tuarascáil deiridh a eisiúint laistigh
- de 16 seachtaine. Sampla den chineál cáis a imscrúdaítear sa chaoi seo ná líomhain go raibh mí-úsáid údaráis sa chaoi ina rinneadh gabháil. Osclaíodh 557 cás den gcineál sin i 2017
- Más rud é go bhfuil an cás maoirsithe, buailfidh imscrúdaitheoir ainmnithe COGS leis an gCeannfort chun plean imscrúdaithe a chomhaontú agus is féidir leis nó léi gníomhaíochtaí an imscrúdaithe a stiúradh nó bheith páirteach iontu, agus caithfear tuarascálacha eatramhacha a thabhairt dó nó di. Luaitear sna phrótacail go gcaithfear imscrúduithe maoirsithe araíonachta a chríochnú agus tuarascáil imscrúdaithe a sholáthar laistigh de 20 seachtain. D'fhéadfadh líomhain níos tromchúisí maidir le faillí i ndualgas a bheith i gceist, mar shampla easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú easnamhach, ar choir thromchúiseach a thuairiscítear do na gardaí. Oslaíodh 154 cás den gcineál sin i 2017.

## Staidéar ar chás

Fuarthas go raibh beirt ghardaí ciontach i sáú araíonachta i dtaca leis an mbealach ar láimhseáil siad imeacht tionóisc builleadh agus teitheadh. Sa chás sin d'fhág tiomanaí na feithicle an láthair tar éis dó carr páirceáilte a bhualadh.

Fuair COGS gearán ó athair an fhir óig arbh úinéir an chairr pairceáilte é - dúirt an t-athair gur theip ar an Gharda an t-imeacht a fhiosrú nó iad a chur ar an eolas faoin gcás cúirte.

Thóg Ceannfort an Gharda Síochána, a bhí ag fiosrú thar ceann COGS, ráitis ón athairagus ón mac, agus rinne siad cur síos ar conas a bhí siad sa bhaile tráthnóna amháin nuair a chuala siad pléasc mór lasmuigh. Nuair a chuaigh siad amach, chonaic siad gur bhuail fear a raibh cuma ólta air, le carr an mhic agus go ndearna sé damáiste don gcarr chomh maith. D'imigh an fear ón áit ar a chosa agus níor fhág sé aon eolas pearsanta. »

» Glaodh ar na Gardaí dul chuig an eachtra agus rinne siad fiosruithe chun an té a d'imigh ón áit a shainaithint. Níos déanaí shainaithin Garda amháin tiomántóir na feithicle, ghabháil sé é agus rinne sé cúiseamh air. Ach níor rinneadh aon shainaithint fhoirmiúil air agus níor sainaithníodh finnéithe féideartha ach oiread. Ansin tarraingíodh siar an cás sa Chúirt Dúiche.

Ag deireadh an imscrúdaithe sheol Ceannfort an Gharda Síochána tuarascáil chuig COGS a raibh achoimhre a chuid torthaí inti. Dheimhnigh sé nach ndearna na gardaí aon sceitse den láthair ar oíche an eachtra. Fuarthas go raibh an bheirt ghardaí ciontach i sárú araíonachta mar gheall ar fhaillí i ndualgas agus ghearr coimisinéir na nGardaí smachtbhannaí orthu.

## Staidéar ar chás

Fuarthas go raibh garda ciontach i sárú araíonachta mar gheall ar fhaillí i ndualgas nuair a rinne bean gearán le COGS toisc nár imscrúdaigh sé goid réadmhaoine agus nár chuir an Garda í ar an eolas faoi dhul chun cinn an cháis.

Chreid COGS go d'fhéadfaí déileáil leis an ngearán go neamhfhoirmiúil agus nach raibh gá le Ceannfort é a imscrúdú. Ach, cé gur thoiligh an bhean leis seo, níor thoiligh an Garda agus mar thoradh air seo,rinne Ceannfort Garda imscrúdú araíonachta thar ceann COGS.

Dheimhnigh an Garda Ceannfort gur tharla an ghoid ar bhus agus gur thuairiscigh sí faoin gcoir ag stáisiún an Gharda tar éis an turais. Dhearbhaigh an garda a ndearnadh an gearán ina choinne go ndearna seisean an bhunthuairisc agus chuir sé ar aghaidh chuig stáisiún garda eile é.
Ach toisc nach bhfhéadfaí suíomh cruinn na goide a dheimhniú, seoladh an tuairisc fúithi ar ais trí ríomhphost chuig an chéad garda le haghaidh imscrúdaithe. Níor imscrúdaíodh an cheist. Rinne Ceannfort an Gharda fiosrúcháin le foireann TFC an Gharda Síochána chun a fháil amach dá mba rud é go bhfuair an garda an ríomhphost nó gur oscail sé é ach níor feadadh é seo a dhearbhú. »

» Ag deireadh an imscrúaithe, sheol Ceannfort an Gharda Síochána tuarascáil ar aghaidh chuig COGS a raibh achoimhre ar a chuid torthaí inti; fuarthas go raibh an garda ciontach i sárú araíonachta d'fhaillí i ndualgas agus gearradh smachtbhanna air.

### Staidéar ar chás

Rinne bean gearán le COGS faoi iompar Garda faoi éidear bhuail sí leis i dteach tabhairne. Dúirt sí gur shiúil an Garda chuici agus chuig beirt bhan dá cairde a bhí in éineacht léi. Dúirt sí gur thug sé a mheas faoina gruaig ansin. Dúirt sí gur shuigh an Garda idir í agus cara dá cuid agus gur chuir sé a lámh timpeall ghuaillí na beirte nuair a thóg an cara eile dá cuid grianghraif dóibh. Dúirt sí gur bhraith sí míchompordach faoin áit a chuir an Garda a lámh; agus dúirt sí go ndúirt duine sa teach tabhairne gur chonaic sé an Garda ag ól alcól ní ba luaithe an lá sin.

Chuir COGS tús leis an imscrúdú, rinne Garda Ceannfort an t-imscrúdú faoi maoirseacht imscrúdaitheoir COGS.

Dúirt sáirsint gur chonaic sé an Garda ag ithe i láthair chaite tobac an teach tabhairne an oíche sinagus d'inis sé dó a dhinnéar a ithe ag stáisiún an Gharda. Shiúl an bheirt acu ar ais go dtí an stáisiún agus ansin thug an sáirsint faoi deara go raibh boladh an alcóil air - aontaíodh go gcríochnódh an Garda a sheal go gairid ina dhiaidh sin agus go rachadh sé abhaile.

Le linn agallamh imscrúdaithe, ghlac an Garda go raibh sárú araíonachta i gceist lena iompar agus d'admháil sé gur tharraing sé náire air agus ar an nGarda Síochána. Chomh maith leis sin, thairg sé leithscéal don ghearánach. Mhol an Ceannfort smachtbhanna airgeadais a ghearradh air maidir leis na himeachtaí d'iompar díchreidiúnach agus gearradh smachtbhannaí air.

### Staidéar ar chás

Rinne fear gearán le COGS faoin mbealach ar chaith na gardaí leis le linn chuardach tí. B'é an gearánach an té a bhí faoi amhras ciona agus bhí na gardaí ag lorg fianaise maidir leis an bhfiosrú coiriúil le linn an chuardaigh.

Ainmníodh an gearán le haghaidh imscrúdaithe araíonachta maoirsithe agus rinne Ceannfort an Gharda Síochána, faoi mhaoirseacht oifigeach ainmnithe COGS an t-imscrúdú.

Tar éis an imscrúdaithe, thuairiscigh COGS go raibh dóthain fianaise ann le fios go bhféadfadh sárú araíonachta a tharla agus mhol sé go ndéanfadh Coimisinéir an Gharda Síochána gníomh araíonachta i gcoinne an sáirsint a bhí i gceannas ar an gcuardach. Nótáil Ceannfort an Gharda Síochána sa tuarascáil nár chosúil gur choinnigh an sáirsint taifid shásúla scríofa ar an gcuardach agus nár chruthaigh sé taifead PULSE ar leith maidir leis an gcuardach.

Ina dhiaidh sin, cuireadh COGS ar an eolas gurbh é tuairim an cheannfort a d'athbhreithnigh an comhad COGS agus aigneachtaí an tsáirsint nach raibh sárú araíonachta déanta ag an tsáirsint.

D'iarr COGS ar an Gharda Síochána na cúinsí taobh thiar den gcinneadh sin - ach níor freagraíodh an t-iarratas sin.

### Staidéar ar chás

Rinne fear gearán le COGS faoin mbealach a dhéileáil Garda leis tar éis dó goid a ghluaisteáin a thuairisciú. Thuairiscigh an fear an ghoid i Meitheamh 2015; dúirt sé go raibh a fhios aige cé a ghoid an carr agus chuaigh an Garda a bhí ag déileáil leis an gcás an té a ghoid an carr agus an duine a dhíol é. »

» Dúirt an Garda leis an ngearánach go gcuirfí an carr ar ais dó faoi cheann dhá seachtaine ach níor tharla sé sin. Chuaigh an fear ar ais chuig an nGarda cúpla uair, agus i mí Lúnasa 2015 dúirt an Garda go raibh taifead den gcás "cláraithe sa ríomhaire" ach nach bhféadfadh leis an carr a fháil ar ais go dtí go gcuireadh tús leis an gcás.

Rinne an gearánach dul i dteagmháil leis an nGarda arís in Éanair agus i Feabhra 2016 ach níor éirigh leis. Thug an Garda cuairt ar an ngearánach i Márta 2016 agus dúirt sé leis go ndearna sé dearmad taifead a dhéanamh den gcás agus go d'fhéadfadh sé a bheith i dtrioblóid dá bharr sin. Ansin thairg an Garda €500 dó mar chúiteamh. Dhiúltaigh an gearánach an tairscint chúitimh agus níor chuala sé ón nGarda ó shin.

Rinne Ceannfort an Gharda Síochána an t-imscrúdú faoi mhaoirseacht COGS. Fuarthas go raibh an Garda ciontach as sárú Chód smachta an Gharda síochána - ciontach as trí scór d'fhaillí i ndualgas agus dhá scór d'iompar díchreidiúnach. Gearradh smachtbhanna airgid air.

## Athbhreithnithe ar imscrúduithe araíonachta

Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne Ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid COGS athbhreithniú ar an gceist. Is é an ról atá ag COGS sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh toradh cuí air.

Níl an chumhacht ag COGS cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Tugann COGS tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe.

Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta gcrích, ní féadtar an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach, áfach, go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den gcineál seo in imscrúduithe a dtarlóidh amach anseo.

Fuarthas 58 iarraidh ar athbhreithniú i 2017 (i dtaca le himscrúduithe a críochnaíodh i 2017 nó i mblianta eile). Críochnaíodh 37 cinn faoi dheireadh na bliana agus fanadh 21 cinn ar oscailt.

**Imscrúdú neamhchoiriúil a dhéanann COGS** (faoi Alt 95 den Acht) – Féadfaidh imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin tabhairt faoi chásanna áirithe nach mbaineann le cionta coiriúla, ach ina mbeadh cúrsaí araíonacha agus/nó córasacha i geist leo. Osclaíodh 71 cás den gcineál sin i 2017.

### 1.6.3 Torthaí Imscrúduithe

Dúnadh 1,702 gearán a raibh 4,155 líomhaintí iontu i 2017.

Díobh seo, glacadh le 1,061 gearán ina raibh 3,222 líomhaintí agus imscúdaíodh iad (dúnadh na cinn eile mar cinneadh go raibh iad neamh-inghlactha nó tarraingíodh siar iad).

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó i 1,061 de na gearáin, bhí 240 de na líomhaintí a bhí iontu neamh-inghlactha, agus níor fiosraíodh iad sin. Imscúdaíodh 2,982 líomhain agus déantar cur síos ar na torthaí i dTábla 1.

**Tábla 1:** Torthaí na ngearán a críochnaíodh i 2017

| Toradh/Cúis | Míniú | Cineál imscrúdaithe | Líon na Líomhaintí |
|---|---|---|---|
| Scortha - Ní raibh gá le himscrúdú nó ní raibh imscrúdú réasúnta indéanta | Is é an cás is coitianta anseo (in ord minicíochta) nach raibh aon fhianaise neamhspleách ann a chruthódh ceachtar leagan den eachtra a bhí ag na páirtithe; nó níor chomhoibrigh an gearánach leis an bhfiosrúchán; nó measadh go raibh an gearán baoth nó bearránach tar éis tús a chur leis an fhiosruithe. | Gach cineál | 2,036 |
| Níor sainaithníodh aon sárú naRialúchán Araíonachta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus fuarthas gur iompair an garda go fóirsteanach. | Fiosrúchán Araíonachta déanta ag Garda Síochána (s.94) nó ag COGS (s.95) | 449 |
| Tarraingíodh siar an líomhain | Léirigh an gearánach nach rachadh sé/sí sa tóir ar an ngearán. | Gach cineál | 270 |
| Neamh-chomhoibriú gearánach | Theip ar an ngearánach páirt a ghlacadh san imscrúdú. | Gach cineál | 80 |
| Sárú Araíonachta<br><br>Rialúcháin aitheanta agus smachtbhanna curtha i bhfeidhm | Féadtar réimse smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, agus braitheann sé ar tromchúis an tsáraithe. (Breathnaigh ar Thábla 2). Is ceist do Choimisinéir an Gharda faoi bhun na Rialúchán araíonachta é an sárú a shainaithint agus aon smachtbhanna chur i bhfeidhm. Níl ról ag COGS sa phróiseas seo. | Fiosrúchán Araíonachta déanta ag Garda Síochána (s.94) nó ag COGS (s.95) | 66 |
| Ní raibh mí-iompraíocht aitheanta tar éis Imscrúdú Coiriúil | An cás is coitianta anseo ná nach raibh aon fhianaise neamhspleách a gcruthódh an líomhain nó na líomhaintí déanta. | Fiosrúchán coiriúil déanta ag COGS (s.98) | 59 |
| Disciplín an Gharda<br><br>Rialúcháin nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh | An garda is ábhar don imscrúdú araíonachta é<br><br>ar scor or d'éirigh sé as nó le linn an imscrúdaithe. | Fiosrúchán araíonachta Déanta ag an Garda Síochána (s.94) nó ag COGS (s.95) | 13 |
| Réithithe go neamhfhoirmiúil | Réitíodh an cheist go sásúil don mbeirt páirtithe. | Neamhfhoirmiúil réiteach (s.90) | 6 |
| Atreoraíodh chuig Oifig an DPP - Ní raibh aon chúiseamh | Má tá fianaise ann gur tharla cion tar éis imscrúdaithe choiriúil, atreoraíodh an cás chuig oifig an DPP agus déantar cinneadh ann cibé acu a ionchúieach nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. I gcásanna áirithe féadann Coimisiún an Ombudsman cás a tharchur chuig an DPP chun trédhearchacht a chinntiú agus chun muinín an phobail a dheimhniú. (Tá tuilleadh sonraí faoi sin i Rannán 2.) | Fiosrúchán coiriúil déanta ag COGS (s.98) | 3** |
| **TORTHAÍ** | | | **2,982** |

* Usáidtear an téarma "baoth nó bearránach" san Acht, alt 87 (2) (d), mar chúis d'inghlacthacht.

** Tagraíonn figiúr 3 anseo le líon na gcomhad, a eascraíonn as gearáin agus a cuireadh chuig an DPP agus nach ndearna an DPP aon ionchúiseamh orthu. Sa tábla seo ní áirítear na cásanna ina bhfuil an DPP tar éis ionchúiseamh a threorú de bhun comhaid a sheol COGS chuige i dtaca le gearáin, toisc nach bhfuil na cásanna sin dúnta go fóill, cé gur ordaíodh an t-ionchúiseamh. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi chomhaid a seoladh chuig an DPP, léigh an rannán faoin Gníomhaíocht Dhleathach ar leathanach 30.

## Cásanna Scortha

Cuireann COGS stop le roinnt mhaith imscrúduithe de bharr cúinsí éagsúla, lena n-airítear easpa fianaise neamhspleách a bheith ann, easpa comhoibrithe maidir leis an ngearánach, nó mar fuarthas tar éis imscrúdaithe tosaigh a bheith déanta ag oifigeach imscúdaithe an Gharda Síochána, nárbh fhiúntach an gearán é - i.e. ní raibh aon bhonn tuilleadh imscúdaithe a dhéanamh. I measc na n-imscrúduithe a chuir an Garda Síochána chuig COGS agus a bhí scortha ina dhiaidh sin i 2017:

- Dúradh i ngearán a fuair COGS nár imscrúdaigh na gardaí i gceart gearáin faoi chomarsa a d'eitil drón thar réadmhaoin phríobháideach. Fuarthas san imscrúdú gur thug na gardaí cuairt ar an gearánach cúpla uair, agus go ndearna siad iarracht an cheist a réiteach idir an mbeirt comharsana, ach níor éirigh leo. Fuarthas chomh maith nach gcuimsítear an cineál dróinsa reachtaíocht a fhéadann na gardaí a úsáid. Deimhníodh le linn an imscrúdaithe go ndearna na gardaí treániarracht sna dálaí sin, agus nach raibh aon fhianaise do mhí-iompraíocht i leith na gardaí. Cuireadh deireadh leis an imscrúdú.
- Rinne bean le COGS nuair a fuair sí agus ball teaghlaigh dá cuid Orduithe Um Iompar Frithshóisialta (ASBOs) ón Gharda Síochána. Thuairscigh an bhean ionsaí líomhnaithe a ndearna comharsa ar a ball teaghlaigh agus bhí sí ag fanacht scéal a fháil ó na gardaí nuair a fuair sí an t-ordú um iompar frithshóisialta. Chuir COGS an gearán chuig imscrúdú neamh-mhaoirsithe agus fuarthas le linn an imscrúdaithe gur imscrúdaigh na gardaí gearán na mná, ach ní raibh fonn ar fhinéithe neamhspleácha féideartha ainmnithe ag an ngearánach agallamh a thabhairt. Mar thoradh air seo, bunaíodh cinneadh ASBO a eisiúint ar an bhfianaise a bhí ar fáil do na gardaí mar gheall ar na páirtithe a bhí sáite san aigneas. Cuireadh deireadh leis an imscrúdú mar dheimhnigh an GSIO gur imscrúdaíodh an cheist i gceart agus déileáileadh leis go fóirsteanach. Ní raibh na Gardaí freagracht agus cuireadh deireadh leis an imscrúdú.
- Rinne fear gearán le COGS agus líomhain sé gur ionchúisíodh é go mícheart tar éis dó tuairisc a dhéanamh d'imeacht tionóisc buille is teitheadh ina raibh seisean ina íobartach. Líomhain an gearánach gur chiap garda é. Cuireadh an gearán chuig imscrúdú neamh-mhaoirsithe agus fuarthas le linn an imscrúdaithe gur thuairiscigh an gearánach timpiste bóthair do gharda a raibh dualgas air an timpiste a imscrúdú agus a dheimhniú go raibh ceadúnais tiomána ag an mbeirt tiománaithe. Fuarthas nach raibh aon árachas ag an ngearánach agus ina dhiaidh chuir an chúirt toghairm air maidir leis sin. Cuireadh deireadh leis an imscrúdú mar bhí iompar an gharda cuí sna dálaí.
- Rinne bean gearán le COGS gur labhair gardaí léi go míbhéasach taobh amuigh d'fhoirgneamh maidir le gearáin leanúnacha faoi chomarsa agus madraí na comharsan. Ina dhiaidh sin, eisíodh orduithe um iompar frithshóisialta di agus dá comharsa. Cuireadh an gearán chuig imscrúdú neamh-mhaoirsithe agus ina dhiaidh sin cuireadh deireadh leis mar níor sainaithníodh aon fhinné neamhspleách a gcomhthacódh conas labhraíodh léi agus dá bhrí sin ní dheimhneofaí leagan neamhspleách den eachtra.
- Chuir COGS tús le himscrúdú nuair a líomhain fear gur eisigh garda pionós muirear seasta dó go mícheart de bharr go raibh sé ag usáid a fhóin póca agus é ag tiomáint, agus líomhain sé go raibh an garda drochbhéasach leis nuair a d'eisigh sé an pionós. Cinnadh go raibh an gearán maidir le heisiúint an pionóis muirear seasta neamh-inghlactha mar is í an chúirt an áit chuí chun achomharc a dhéanamh ar pionós muirear seasta. Cuireadh an gearán maidir le míchúirtéis chuig an nGarda Síochana le haghaidh imscrúdaithe neamh-mhaoirsithe. Ní raibh finnéithe neamhspleácha chun ceachtar leagan den eachtra a chruthú áfach, agus cuireadh deireadh leis an ngearán dá bharr sin.

### Réiteach Neamhfhoirmiúil i 2017

De réir na reachtaíochta reatha lena rialaítear COGS, caithfear toiliú an ghearánaigh agus an gharda a fháil chun réiteach neamhfhoirmiúil a dhéanamh. (IR). Níor thug an dá pháirtí a dtoiliú ach i gcás amháin as ceithre chás a measadh a bheith oiriúnach don réiteach neamhfhoirmiúil.

Dúnadh 167 líomhaintí i 2017 ar measadh oiriúnach do réiteach neamhfhoirmiúil iad.

- Níor thaifead ach 6 cinn dóibh mar gearáin réitithe go neamhfhoirmiúil, tar éis toilithe na bpáirtithe a fháil.
- Rinneadh 39 imscrúduithe araíonachta foirmiúil de líomhaintí mar níor glacadh leis an bpróiseas IR, nó ní raibh COGS in ann réiteach neamhfhoirmiúil a aimsiú do pháirtithe an cháis chun a sásachta.
- Dúnadh nó cuireadh deireadh le 122 líomhaintí a fágadh gan a thuilleadh beartas, tar éis fiosruithe a rinne leis an mbeirt páirtithe. I gcúpla cás, d'fhéadadh sé go raibh saghas réiteach bainte amach ach níor fhéad COGS taifead a dhéanamh de mar ní raibh toiliú scríofa na bpáirthithe acu mar a éilíear i reachtaíocht reatha. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé nach raibh aon réiteach áimsithe, ach níor chreid COGS go raibh fiosruithe foirmiúla de dhíth maidir leis na líomhaintí.

### Smachtbhannaí

Má fhaigheann fiosrúchán a dhéanann an Garda Síochána faoi alt 94 (maoirsithe nó neamh-mhaoirsithe) nó a ndeánann COGS faoi alt 95, fianaise go bhféadfadh go ndearna garda sárú ar na Rialacháin Araíonachta, déanann an Garda Síochána cinneadh an raibh sárú ann nó nach raibh. Is féidir réimse smachtbhannaí a ghearradh agus braitheann sé ar thromchúis an bhriste a fhaightear. Tá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in 2017, tar éis cinntí faoi shárú araíonachta, liostaithe thíos.

**Tábla 2:** Smachtbhannaí a ghearr Coimisinéir an Gharda Síochána ar Ghardaí tar éis imscrúduithe araíonachta i 2017


| Smachtbhanna | Líon |
|---|---|
| Comhairle | 33 |
| Laghdú ar thuarastail/fineáil | 19 |
| Rabhadh | 9 |
| Rabhadh | 3 |
| Casaoid | 2 |
| **LÍON NA SMACHTBHANNAÍ** | **66** |

Chomh maith leis na torthaí thuasluaite a bhaineann le hiompar de ghardaí aonair, d'aibhsigh na fiosruithe a rinneadh cúpla imscrúdú fadhbanna a dtiocfadh chun cinn de bharr cheist bainistíochta nó ceist shistéamach in áit iompar an duine aonair. D'fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo, comhroinneadh moltaí a rinneadh i dtaca le beartais agus le cleachtais srl. le Coimisinéir an Gharda Síochána-féach ar leathanach 31.

### 1.6.4 An t-am a tógadh le cásanna a dhúnadh

I 2017 d'ísligh COGS an t-am a glacadh le cásanna a dhúnadh in imscrúduithe áirithe, ach i gcásanna eile, go háirithe in imscrúduithe coiriúla agus réitigh neamhfhoirmiúla, mhéadaigh sé. D'fhéadfadh cúinsí lena n-áirítear castacht na gcásanna nó acmhainní atá ar fáil do COGS cur leis an t-am méadaithe chun imscrúduithe a dhúnadh. Tá oibrithe dícheallacha ag COGS maidir lena chuspóir chun an t-am a dtógann sé cás a dhúnadh a ísliú. Léirítear i gCairt 6 an t-am airmheánach a tógadh cásanna de réir chineáil a dhúnadh ag deireadh 2017.

**Cairt 6:** An t-am a tógadh le himscrúduithe (tomhaistear an t-am i laethanta) a dhúnadh




## Imscúdú Coiriúil

Ag deireadh 2017, ba é 115 la an t-am airmheánach a glacadh le himscrúduithe coiriúla a dhúnadh de réir cineáil. B'ionann an figiúr sin agus méadú 16 lá ar an meánfhigiúr i 2016.

Bíonn imscrúduithe coiriúla faoi réir ag próiseas athbhreithnithe, ina n-áirítear bearta caighdeánacha rialaithe. Mar chuid den phróiseas seo, déanann Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt le 60 lá. Déanann an Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe an t-athbhreithniú nuair is cás é atá ar oscailt le 90 lá. Dírítear aird an Stiúrthóir Imscrúduithe ar chásanna atá oscailte le 120 lá le cinntí cuí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, déanann an Stiúrthóir Imscrúduithe agus Coimisiún an Ombudsman athbhreithniú démhíosúil ar chásanna atá rangaithe mar chásanna ina bhfuil líomhaintí an-tromchúiseacha.

## Imscrúduithe Araíonachta

- Déantar formhór na n- imscrúduithe gan mhaoirseacht agus, de réir na bprótacal atá ann idir COGS agus an Garda Síochána, ní mór iad a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 16 seachtaine/ 112 lá. (D'fhéadfadh líomhain a bheith i ngnáthchás a ndéileáiltear leis ar an gcaoi seo gur tugadh drochíde do dhuine le linn dóibh a bheith á ngabháil nó faoi choimeád ag na Gardaí.) Maidir leis
- De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fail ina leith laistigh de 20 seachtain/ 140 lá. Ba é 273 lá an fad airmheánach ama i 2017. B'ionann an figiúr sin agus méadú 23 lá ar an mheánfhigiúr i 2016.

## Réiteach Neamhfhoirmiúil

Ag deireadh 2017, ba é 147 la an t-am airmheánach a glacadh le himscrúduithe coiriúla a dhúnadh de réir cineáil. B'ionann an figiúr sin agus méadú ar an mheánfhigiúr i 2016.

## Imscúdú Neamh-Choiriúl a rinne COGS

Ba é 203 lá an fad airmheánach ama i 2017 i dtaca le himscrúduithe neamh-choiriúla a rinne COGS. B'ionann an figiúr sin laghdú suntasach i gcomparáid le 2016 (260 lá) agus le 2015 (428 lá).


# RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA I GCÁSANNA A BHFUIL BÁS NÓ DÍOBHÁIL TROMCHÚISEACH I GCEIST

## 2.1 TARCHUR ÓN NGARDA SÍOCHÁNA FAOI ALT 102(1)

Foráiltear an méid seo le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 *"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine".*

Fuair COGS 24 tharchur le linn na bliana 2017, i gcodarsnacht le 51 cheann díobh in 2016 agus 52 in 2015. Is fiú a lua an laghdú suntasach sa mhéid tarchuir ach ag an am céanna is faoi na Gardaí a bhíonn an cinneadh chun tarchur a dhéanamh agus faoi na Gardaí amháin. Tarmligtear an chumhacht seo ó Choimisinéir an Gharda
Síochána do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu cinneadh a dhéanamh ar ar cheart é teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

**Cairt 7:** Cúinsí taobh thiar de na tarchuir





### An tSlí ina nDéanann COGS Ábhair a Mhionscrúdú faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann COGS tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé ó am go chéile go bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ann go ndearnadh aon gharda aon ghníomh coiriúlachta nó aon mhí-iompraíocht. Ag an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Chart 8:** Investigation Types in Referrals (Total Referrals Received: 24)




Bhain seacht gcinn de tharchur a fuarthas in 2017 le básaithe. Bhain trí cinn díobh siúd le timpistí tráchta ar bhóithre.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Faoi réir an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine., comhlíonfaidh gach comhlacht de chuid stát na hÉirinn, lena n-áirítear an Garda Síochána, a fheidhmeanna "ar shlí atá ar

comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin."

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, ba cheart cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad seo::

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Poncúlacht
- Iniúchadh Os Comhair An Phobail
- Íospartach i gCeist

Comhlíontar an riachtanas neamhspleáchas mar gurb é COGS a dhéanann na himscrúduithe seo. Tuigtear dúinn go bhfuil na ceithre phrionsabal eile á gcomhlíonadh againn chomh maith. Tá ceangal díreach ag an obair atá gafa le láimh in 2017 le cloí leis an reachtaíocht a leagann amach na cearta a bhíonn ag íospartaigh na coireachta.


**Staidéar ar Chás**

Fuarthas tarchur ón nGarda Síochána toisc go bhfuair fear bás, agus toisc go raibh sé i dteagmháil leis na gardaí díreach roimh dó bás a fháil. Rinneadh imscrúdú neamhspleách chun cúinsí a bháis a fháil amach, agus aird á tabhairt ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Fuarthas amach sa mhionscrúdú gur glaodh ar na gardaí dul go dtí teach príobháideach chun cúnamh a thabhairt do liachleachtóir ar iarradh air dul ann nuair a thug ógfhear a bhí ina chónaí sa teach rois fhoréigneacha. Rinne na gardaí iarracht an t-ógfhear a chiúnaigh agus a chur ar a shuaimhneas cúpla uair, ach níor éirigh leo. D'éirigh an fear tinn agus neamhfhreagrúil. Tugadh cúnamh leighis agus rinneadh iarrachtaí chun an fear a athbheoigh, ach chuaigh sé in olcas agus fuair sé bás.


Thaifead imscrúdaitheoirí de chuid COGS ráitis a thug na gardaí agus gach aon duine a bhí i láthair dóibh. Níor nochtadh aon iompar a bhféadfar a rá gur sárú Rialacháin An Garda Síochána (Smacht) 2007 é sa mhionscrúdú. Mar a tharlaíonn sé, Mhol teaghlach an fhir gairmiúlacht na ngardaí san eachtra. Ós rud é go raibh bás bainteach leis an gcás, cuireadh comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Phoiblí ag féachaint do na freagrachtaí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiúin Eorpach um Chearta an Duine. Níor ordaíodh aon ionchúiseamh.

**Dáileadh Geografach na dTarchur a rinne an Garda Síochána in 2017.**

**Léarscáil 3:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (Cé Is Moite De Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath)




**Léarscáil 4:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána — Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath



## Staidéar ar Chás

I bhFeabhra 2017, tarchuireadh ceist do COGS nuair a tharla timpiste bhóthair le carr a raibh na gardaí tar éis a iarracht a dhéanamh é stopadh. Chuaigh gardaí sa tóir ar fheithicil nuair nár stop sé tar éis treoracha garda a bheith tugtha go ndéanfaí amhail. Chuaigh an fheithicil isteach ar thimpeallán agus í ar gluaiseacht sa treo mícheart, bhuail sí i gcoinne feithicle eile de scinneadh agus ansin bhuail i gcoinne balla. Sular tharla an timpiste, rinne an tiománaí iarracht a chuid éadaí a mhalartú leis an bpaisinéir chun mhearbhall a chur ar na gardaí faoi cé a bhí ag tiomáint—agus tríd an iarracht sin a dhéanamh, chaill sé smacht ar an gcarr agus bhuail sé in aghaidh an bhalla. Gabhadh an tiománaí agus beirt phaisinéirí. Bhí cóir leighis de dhíth ag beirt daoine mar thoradh ar an timpiste agus tarchuireadh an t-ábhar do COGS de réir art 102(1) den Acht. Rinne COGS iniúchadh ar an eachtra agus chruthaíodh ann nach raibh aon teagmháil fhisiciúil idir an fheithicil gharda agus an ceann a bhuail an balla. Níor nochtadh aon chion nó sáraithe araíonachta a rinne aon ball den Gharda sa mhionscrúdú, agus cuireadh deireadh leis an gcás.

## Staidéar ar Chás

Tharchuir an Garda Síochána teagmhas tráchta ar bhóithre a tharla i mBaile Átha Cliath chuig COGS nuair a bhain gortú nach bhféadfadh é a chur i mbaol a bháis don tiománaí. Bhí gardaí ag cuardach feithicil a tuairiscíodh go raibh sé goidte i limistéar ar leith tar éis don fheithicil sin a bheith feicthe agus é ag fágáil an cheantair sin ar ardluas. Lean gardaí é, ag fanacht chomh fada taobh thiar de is a mheas siad a bheith slándáil. Lean tiománaí na feithicle goidte ar aghaidh agus é ag tiomáint ar bhealach an-chontúirteach trí limistéar comhthógtha,a shaol féin is saol an phaisinéara á chur i bpriacal aige. Rinne gardaí measúnú ar cad ba cheart a dhéanamh agus tugadh treoir éirí as tóir na feithicile. Bhuail an fheithicil i gcoinne bhalla agus d'iompaigh sé thart i ndiaidh don tiománaí iarracht a dhéanamh casadh timpeall coirnéil. D'aistríodh an tiománaí go dtí ospidéal agus tarchuireadh an t-ábhar chuig COGS.

Rinne COGS iarratas comhaid, tuarascáil, faisnéis TCI agus aighneachtaí a fháil ó na gardaí agus rinne iad a athbhreithniú. Níor nochtadh aon chion nó sáraithe araíonachta a rinne aon bhall den Gharda Síochána sa mhionscrúdú. Ní dhearna COGS aon ghníomh eile.

## Staidéar ar Chás

Gearradh pionós ar garda amháin as faillí i ndualgas mar gheall ar fhiosrúchán faoi imbhualadh trácht ar bhóithre inar tugadh ar dhuine séideadh isteach san anáileadán cé nach dtugadh ar garda nach raibh ag obair ag an am é a dhéanamh, bíodh is gurb eisean a rinne a fheithicil carr an duine eile a chúlbhuaileadh.

Tharchuir ceannfort an t-ábhar is cúram do COGS i ndiaidh do chigire a imní a chur in iúl maidir leis an gcás. Chuir COGS tús le fiosrúchán coiriúil lenar léiríodh sa deireadh nár tharla aon chionta coiriúla, ach bhí sé soiléir gur sháraigh na gardaí a bhí bainteach san eachtra rialacha. D'ordaigh COGS go riarfar fiosrúchán smachta breise a ndéanfaidh COGS maoirseacht air. San fhiosrúchán a rinne Ceannfort eile de chuid na nGardaí thar cheann COGS, cuireadh ar bun é go raibh beirt bhall de chuid na nGardaí i láthair ag eachtra tráchta ar bhóithre go luath maidin, maidin Domhnaigh. Rinne siad iniúchadh ar cheachtar feithicil agus níor aimsigh aon damáiste sofheicthe. Cé gur cuireadh glaoch ar otharcharr, ní raibh gá leis ag an duine den phobal ar gortaíodh é. Tugadh ar an duine sin séideadh isteach san anáileadán, agus toradh diúltach a bhí ar an tástáil sin. Níor tugadh ar an ngarda a chúlbhuailigh carr an duine sin séideadh isteach san anáileadán. Dúirt an garda imscrúdacháin nach raibh aon tásc ann, tar éis dó é caint leis an ngarda nach raibh ag obair ag an am, go raibh sé faoi thionchar alcól agus nár tugadh air séideadh isteach san anáileadán dá bharr.

Mhol COGS go bhféadfar go raibh sárú rialach i gceist maidir le gníomhartha an gharda imscrúdacháin. Glacadh leis an moladh sin agus gearradh pionós araíonachta ar an ngarda as faillí i ndualgas.

### 2.1.2 Torthaí ar Imscrúduithe tar éis atreoruithe

Dhún COGS 18 n-imscrúdú in 2017 ar cuireadh tús leo (sa bhliain 2017 nó i mblianta roimhe) mar thoradh ar tharchuir ón nGarda Síochána.

**Tábla 3:** Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe ar cuireadh tús leo tar éis tarchur agus ar dúnadh in 2017 iad)

| Cineál imscrúdaithe agus toradh | Cása |
|---|---|
| Dúnadh an cás nuair nach nochtadh sa réamhfhiosrúchán aon fhianaise go ndearna garda aon mhí-iompar nó gníomh choiriúlacht | 9 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompar a raibh garda ina chúis leis.<br>– ní dhearna COGS aon ghníomh eile. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina chúis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an SIP é – stiúradh ionchúiseamh | 0 |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an SIP é – stiúradh ionchúiseamh. | 2 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobháilte agus mar nach raibh aon saincheisteanna eile ann. | 0 |
| **IOMLÁN** | **18** |

# RANNÁN 3: IMSCRÚDUITHE AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL

Chomh maith le foráil a dhéanamh le hábhair a tharchur go COGS ó Choimisiún an Gharda, déanann alt 102 den Acht foráil le himscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail, fiú nuair nach mbíonn gearán ann, nó atreorúchán ó Choimisinéir an Gharda.

Foráiltear mar a leanas le halt 102 (4) den Acht:

*"féadfaidh Coimisiún an Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh–*

- *(a) go ndearna ball den Gharda Síochána cion, nó*
- *(b) gur iompair ball den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Luaitear in Alt 102 (5) freisin:

*"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar ar chosúil go ndearna ball den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ábhar" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Ina theannta sin, is féidir leis an Údarás Póilíneachta a iarraidh ar COGS ceisteanna gur ar mhaithe le leas an phobail iad a mhionscrúdú agus is féidir don Údarás Póilíneachta nó don Aire, ceachtar dóibh, ceisteanna a atreorú chuig COGS le meas ar cheart do Choimisiún an Ombudsman é a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail.

In 2017, rinneadh 11 mhionscrúdú ar mhaithe le leas an phobail a dhúnadh agus dúnadh 14 cinn in 2017.

De na 14 chás a d'osclaíodh, ba faoi bhun alt 102(4) a chuir COGS tús le 11 cheann dóibh agus tharchuir an tAire na trí cinn eile do COGS. Sna 11 chás a tugadh chun críche iad in 2017, áirítear:

- Fuarthas gearán a rinne fear a rinne líomhain go raibh sé mionghortuithe mar thoradh ar iompar fórsa a rinne gardaí agus iad ag buaileadh dornasc air le linn dóibh é a ghabháil. Fuarthas atreorú a chuir an tAire Cirt agus Dlí isteach de réir na Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) agus rinne COGS imscrúdú araíonachta air.

  Níor nochtadh fianaise leordhóthanach chun tacaíocht a thabhairt don líomhain i gcoinne na ngardaí.

  Ní dhearna COGS aon ghníomh eile.
- D'oscail COGS iniúchadh ar mhaithe le leas an phobail maidir le heachtra ina ndearna ball de chuid d'Aonad Tacaíochta Réigiúnach an Gharda Síochána (RSU) arm tine a scaoileadh. Soiléiríodh sna fiosruithe a rinne COGS air nach raibh aon ghortuithe agus nach ndearnadh aon dochar mar thoradh ar an scaoileadh sin. Nochtadh nach raibh aon locht meicniúil ag baint leis an arm tine gurbh fhéidir leis a bheith ina chúis le scaoileadh gan choinne. De réir dealraimh, is mar thoradh ar locht fearais a féadfar gur tharla an scaoileadh, locht a d'fhág gur scaoileadh an glas slándála ar an arm tine de thimpiste. Rinneadh moltaí éagsúla don Gharda Síochána chun aird a tharraingt ar na rioscaí a tháinig chun solais san imscrúdú.
- Fuarthas atreorú a chuir an tAire Cirt agus Dlí isteach de réir na Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) tar éis gearán go bhfoilsíodh faisnéis sna meáin chumarsáide faoi chuardach líon tí a rinne na gardaí. Tugadh fiosrúchán coiriúil faoi bhun, agus nuair a tugadh chun críche é, nochtadh ann nach raibh dóthain fianaise chun foinse na faisnéise a shainaithint.
- Chuir COGS iniúchadh ar mhaithe le leas an phobail i gcríoch mar fhreagra ar ghearán a rinneadh maidir le fiosrúchán Garda Síochána faoi thimpiste bhóthair mharfach. Mar chuid den iniúchadh sin, rinneadh athbhreithniú ar leordhóthanacht an fhiosrúcháin Gharda bhunúsaigh ar an timpiste, agus rinne COGS mionscrúdú ar an Tuarascáil Garda a tugadh don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar gheall leis an timpiste bhóthair. Níor nochtadh aon shárú araíonachta sa mhionscrúdú, agus cuireadh deireadh leis an gcás leis sin.

I measc na 14 iniúchadh atá fós ag leanúint ar aghaidh ag deireadh na bliana 2017, áirítear an cheann sin ar na cuntais a bhaineann le Coláiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór.

- Rinne Coimisiún an Ombudsman iniúchadh a thionscnamh , ar mhaithe an phobail, de bhun faisnéise a fuair sé ó údaráis na nGardaí i mí an Mheithimh 2017 a bhain le mírialtachtaí airgeadais a líomhnaíodh a tharla i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Sa mhionscrúdú seo bhí gá ann go mbainfear tairbhe as saineolas seachtrach don eagraíocht chun an t-iniúchadh a fhorchéimniú. Bhain COGS tairbhe as na forálacha Alt 74 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun 'cúnamh speisialta' a fháil ón nGarda Síochána chun an t-iniúchadh, atá fós ag dul ar aghaidh, a chur i dtraein

*In 2014, bhunaigh Aire Cirt agus Dlí agus Comhionannais na linne sin an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM). Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Tionsclaíodh painéal de bheirt abhcóidí shinsir agus de chúigear abhcóidí shóisir chun líomhaintí a athbhreithniú.

Faoi alt 102(5) den Acht, d'iarr an tAire ar COGS iniúchtaí gurb ar mhaithe leas an phobail iad agus ar tháinig siad chun solais tríd an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM), 21 dóibh san iomlán. Osclaíodh deich gcinn de na iniúchtaí sin in 2015 agus osclaíodh 11 cheann dóibh in 2016. As an 21 mhionscrúdú a fuarthas san iomlán, bhí deichgcinn fós oscailte faoi dheireadh 2017.

## Staidéar ar Chás

Rinne COGS iniúchadh ar mhaithe an phobail a thionscail lena ndearnadh mionscrúdú ar dhálaí eachtra lenar buaileadh fear dhá huaire le bata ASP Gharda le linn agóid.

Glaodh ar na gardaí nuair a rinne duine tuairisc gur ionsaíodh é le linn agóid phoiblí theasaí. Le linn do na gardaí agóideoir a ghabháil, tháinig an slua mór daoine ina thimpeall ar gharda agus tharraing siad fear na ghabhála siar uaidh. Leis sin, bhain an garda sin, eisean a bhí ag déanamh iarracht an fear a ghabháil, tairbhe as bata ASP, agus thug sé dhá bhuile de d'agóideoir éigean, buile amháin ar a chos agus díreach ina dhiaidh sin buile eile timpeall na nguaillí / an mhuiníl.

Chuir COGS tús le fiosrúchán ar na cúinsí a bhain leis an eachtra faoi alt 102(4) den Acht, agus sainigh é ina fiosrúchán coiriúil (faoi alt 98) Cuireadh tuarascáil fiosrúcháin agus comhad fiosrúcháin faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, a d'ordaigh nach ndéanfar aon ionchúiseamh san ábhar.

Chinn COGS ar leanúint ar aghaidh leis an bhfiosrúchán (faoi alt 95) faoinar raibh sárú rialach. Thángthas ar fhianaise san fhiosrúchán sin go bhféadfar go raibh cuid de ghníomhartha de chuid na ngardaí iomarcach agus go d'fhéadfadh gurbh ionann is mí-úsáid d'fhórsa iomarcach, in aghaidh Rialacháin Smachtaithe an Gharda Síochána. Tarchuireadh tuarascáil chuig Coimisinéir na nGardaí ina sainaithníodh an fhianaise seo.

De réir an Ráitis Fíoras a leagadh amach sa tuarascáil COGS, mheas Choimisinéir na nGardaí go raibh an garda a rinne na gabhála na Rialacháin Smachtaithe an Gharda Síochána a shárú as a údarás mar bhall den Gharda Síochána a mhí-úsáid. Gearradh An Garda Siochána pionós air.

# RANNÁN 4: GNÍOMHAÍOCHT DHLEATHACH TAR ÉIS FIOSRÚCHÁN COIRIÚIL

Déanann COGS fiosrúcháin choiriúla gach bliain maidir le gearáin (mar atá cuir síos fúthu i rannán 1) agus maidir le hatreoruithe a dtarchuireann an Garda Síochána iad (mar atá cuir síos fúthu i rannán 2). chomh maith Más rud é gur cion coiriúil atá i gceist leis an iompar nó an gníomh atá á fiosrú ceanglaítear le COGS go gcaithfidh sé an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le bheith curtha san áireamh. Is éan Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a dhéanann an cinneadh faoin ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh ar an gcás sna cúirteanna.

In 2017, tar éis do COGS fiosrúchán cóiriúil a dhéanamh, athchuireadh 16 chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Mar thoradh air sin bhí:

- 10 n-aird ionchúisimh
- 5 aird gan ionchúiseamh a dhéanamh
- 1 cinneadh amháin ar feitheamh ag deireadh 2017.

Tugadh aird ionchúisimh sna cásanna seo a leanas:

- Cás ina n-ionchúisítear beirt ghardaí i leith ionsaigh in aghaidh alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (“an tAcht den bhliain 1997”) i gcás ar cuireadh tús leis mar atreorú (ó na gardaí) do COGS.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith ionsaigh in aghaidh alt 3 den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 i gcás ar cuireadh tús leis mar ghearán.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith cion in aghaidh alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990 i gcás ar cuireadh tús leis mar atreorú.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith tiomáint neamh-aireach in aghaidh alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 i gcás ar cuireadh tús leis mar ghearán.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith ionsaigh in aghaidh alt 2 den Acht den bhliain 1997, i gcás ar cuireadh tús leis mar ghearán.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith: tiomáint chontúirteach is trúig bháis in aghaidh alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961; loiceadh an fheithicil a choimeád ag an láthair in aghaidh alt 106(1)(b) agus (3)(aa) den Acht céanna; agus loiceadh cúnamh a thairiscint in aghaidh alt 106(a) agus 3(aa) den Acht céanna. Cuireadh tús leis an gcás seo mar atreorú.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith ionsaigh in aghaidh alt 2 den Acht den bhliain 1997, i gcás ar cuireadh tús leis mar atreorú agus mar ghearán araon.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith goid in aghaidh alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 i gcás ar cuireadh tús leis mar ghearán.
- Cás ina n-ionchúisítear garda amháin i leith ionsaigh in aghaidh alt 2 den Acht den bhliain 1997, i gcás ar cuireadh tús leis mar ghearán.
- Cás ina n-ionchúisítear fear a rinne gearán le COGS i leith dhá chion in aghaidh alt 110 d’Acht an Gharda Síochána 2005. De réir an ailt seo is cion é *“faisnéis arb eol don duine í a bheith bréagach nó míthreorach”* a thabhairt do COGS i ndáil le gearán nó fiosrúchán. Tháinig an cás seo os comhair na gcúirteanna in 2017. Phléadáil an fear, a thug líomhaintí bréagacha do COGS faoi ionsaigh a d’éiligh sé go ndearna gardaí air, ciontach in dhá chion agus gearradh pianbhreith ar fionraí ceithre mhí air.

(Tugtar faoi deara go n-úsáidtear an téarma ‘garda’ thuas chun tagairt a thabhairt d’aon bhaill de chuid an Gharda Síochána seachas céim nó grád an chomhalta i gceist.)

Thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoir gan ionchúiseamh i trí chás gur fiosrúcháin ar cuireadh tús leo mar ghearáin, agus in dhá chás gur fiosrúcháin iad ar cuireadh tús leo mar atreorú chuig COGS.

# RANNÁN 5: EOLAS A THABHAIRT D'FHORBAIRT BHEARTAIS AGUS DO CHLEACHTAS PÓILÍNEACHTA SA GHARDA SÍOCHÁNA

## MOLTAÍ SISTÉAMACHA

Uaireanta, le linn fiosrúchán, feictear cleachtais do bhaill COGS a chomharthaíonn go bhfuil seirbhís dhroch-chaighdeánach á sholáthair don phobal nó go bhfuil caighdeán póilíneachta i gceist nach réitíonn leis an gcaighdeán is fearr, cé nach cleachtais iad atá lárnach don ghearán atá á bhfiosrú. Ó am go chéile, cleachtais atá feicthe ag COGS roimhe sin a bhíonn i gceist — féadfar gur cleachtais iad a fheictear i níos mó ná cás amháin nó i níos mó ná dúiche amháin. Is éard atá iontu ná an cineál sin chleachtais a d'fhéadfadh a bheith mar chúis do a lán gearán ó dhaoine den phobal nó a d'fhéadfadh a bheith ina mbaic ar fhiosrúcháin, ag fágáil go mbeidh sé níos deacra fiosrúcháin ar ghearáin a dhéanamh. Ina theannta na tuarascála reachtúla a sheolann COGS chuig an nGarda Síochána, atá i bhfad níos foirmeálta seolann COGS moltaí maidir leis a leithéid de cheisteanna sistéamacha dóibh chomh maith.

Cúpla bliain ó shin, bhunaigh an Garda Síochána oifig nua, an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach, chun an t-athrú a bhainistiú. Cuireadh ar an eolas do COGS i scríbhinní admhála a fuair siad ón nGarda Síochána gur cuireadh a lán de na moltaí sin ar aghaidh chuig an oifig sin in 2017. Faoi dheireadh 2017 tá sé fós ró luath a rá cé chomh héifeachtach is atá an córas. Cuirtear in iúl leis na táscairí luatha atá againn go bhfuil an Garda Síochána, agus an oifig seo á bhfeidhmiú acu, ag tabhairt aird roimh na moltaí agus go bhfuil siad ag iarraidh dul i ngleic leo mar chuid den tionscadal bainistíochta athruithe móriomlán. Tá COGS an-sásta leis an mbunachar sonraí lárnach de mholtaí a chruthaigh an Garda Síochána agus táimid ag tanú le bheith ag dul i ndlúth-theagmháil leis an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach in 2018. Tá cuid de na moltaí a thug COGS in 2017 leagtha amach ag seo a leanas.

### 1. Ceangaltas ar ghardaí a n-aitheantas féin a léiriú don phobal

Tháinig an gearán seo chun cinn nuair a ceistíodh duine den phobal faoi cérbh é agus cad a bhí á dhéanamh aige san áit ina ndearna na gardaí teagmháil leis. Faoi mar a tharlaíonn sé, b'fhostaí den ghnólacht díreach taobh leis an áit inar tharla an teagmháil seo é an duine den phobal seo. Bhí sé tar éis dul amach as foirgneamh na gnólachta ar feadh cúpla nóiméad chun toitín a chaitheamh. Bhí an garda a cheistigh é faoi ghnáthéadaí ag an am agus níor aithnigh an fear é féin don gharda ag tús na ceastóireachta. Ní raibh an duine den phobal i gceist sásta ar chor ar bith go raibh dústrainséir dá cheistiú agus, mar a mheas sé féin, gan aon bhonn cirt. Mar thoradh air sin, rinneadh eachtra fíor-mhíthaitneamhach don dá pháirtí i gceist as teagmháil gur cheart gur ghnáth teagmháil phóilíneachta í. Ag deireadh an fhiosrúcháin, mhol COGS go gcoimeádfadh gach uile bhaill den Gharda Síochána in aigne na dualgais a chuirtear orthu de réir Chód an Gharda Síochána a n-aitheantas a nochtadh agus cárta aitheantais a thaispeáint nuair is gá, go háirithe nuair atá siad faoi ghnáthéadaí.

### 2. An dualgas go gcuirfear cúram do phríosúnach agus é á iompar ó áit go háit

Tháinig an gearán seo chun solais nuair a gabhadh fear, buaileadh dornasc air agus tugadh do stáisiún garda é i gcarr garda. Rinne sé gearán gur úsáid na gardaí lámh láidir ina choinne le linn den aistear. Dheimhnigh COGS nár chuir siad crios sábhála ar an bpríosúnach nuair a chuir siad sa charr garda é. D'fhág sé sin go raibh orthu an lámh láidir a úsáid air le linn den aistear. Ag deireadh an fhiosraithe, rinne COGS aird a dhíriú ar an dualgas cúraim atá ar ghardaí i leith príosúnach agus iad i mbun iad a iompar ó áit go háit. Féadfar gur chuir siad an príosúnach, iad féin nó a chuid comhghleacaithe, i bpriacal as an bhfear á fhágáil gan a chrios sábhála socraithe. Mhol COGS go dtarraingeofar aird ar gach uile gharda ar a gcuid dualgas i ndáil leis sin. Chuir an Garda Síochána na moltaí ar aghaidh chuig an Ard-Cheannfort sa dúiche inar tharla an eachtra agus chuig an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach chomh maith.

### 3. An dualgas go gcoimeádfar taifid iomchuí

Rinne COGS imscrúdú ar eachtra inar úsáideadh stiúdghunna 'Taser'. De réir mionscrúdú a rinneadh ar an eachtra, fuarthas go raibh cúis mhaith ann an stiúdghunna a úsáid. Mar sin féin, níor tugadh dóthain mionléiriú soiléir ar an mbunús taobh thiar d'úsáid an lámh láidir sna taifid scríofa a rinne an garda. D'fhág sé sin go raibh sé deacair, níos déanaí, nuair a rinneadh an gearán, a dheimhniú cad go díreach a bhí ar intinn an gharda nuair a tharla an eachtra. Mhol COGS gur cheart go dtarraingeofar aird ghardaí ar cé chomh tábhachtach is atá sé go leanfar treoracha samhail chinnteoireachta an Gharda Síochána agus go gcoimeádfar taifead den phróiseas cinnteoireachta a bhí i gceist ag an am.

Bhainfeadh an coinníoll seo leis an measúnú ar cheart nó nár cheart gníomhartha nach chomh láidir ó thaobh fórsa iad a úsáid, go háirithe. Chuir an Garda Síochána an moladh ar aghaidh chuig an Ard-Cheannfort ar Bheartas agus Riarachán Coireachta agus chuig an Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach.

### 4. An dualgas go gcoimeádfar taifid choimeádta ceart

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo nuair a tháinig aighneas idir príosúnach agus garda maidir leis an méid airgid a bhí i bpóca an phríosúnaigh nuair a tugadh faoi choimeád é. D'áitigh sé go raibh cuid dá airgid in easnamh ina thiachóg nuair a scaoileadh saor é. Nuair a bhí COGS i mbun an fhiosrúcháin, thug siad suntas nach raibh aon taifead ann gur thug na gardaí maoin phearsanta an ghearánaigh ar ais dó - fágadh an chuidden taifead i gceist bán. Dúirt an gearánach le COGS gur dhiúltaigh sé admháil go bhfuair sé a chuid maoine pearsanta a shíniú. Níor taifeadadh an fhíric sin ach oiread. D'fhág an fhíoras go raibh aon taifead coimeádta ceart ann go raibh sé an-deacair an fiosrúchán a dhéanamh. mhol COGS go dtarraingefaí aird gach garda ar an dualgas go ndéanfaidís taifead de mhaoin phearsanta príosúnach agus go ndéanfaidís taifead d'aon diúltú admháil d'aischur maoin pearsanta a shíniú agus den chúis a bhí leis an diúltú sin. Chuir an Garda Síochána an moladh ar aghaidh chuig an Ard-Cheannfort ar Bheartas agus Riarachán Coireachta.

I bhfiosrúchán eile nach baineann leis an bhfiosrúchán seo, ní dhearnadh aon taifead ar an méid srianadh ar úsáideadh ná ar an fhíric gur úsáideadh sprae piobair mar a dtugtar air go comónta le linn gabháil phríosúnaigh sa taifead coimeádta. Mhol COGS go gcuirfear gardaí i gcuimhne maidir le forálacha beartas an Gharda Síochána maidir le hÚsáid Fornirt, agus go ndéanfaidh an comhalta i gceannas taifead den fhórsa ar úsáideadh le linn den ghabháil sa taifead coimeádta. Creideann COGS gur cheart don bheart seo cuidiú leis na gardaí le measúnú riosca a dhéanamh de dhaoine faoi choimeád agus lena láimhseáil ar bhealach níos sábháilte.

### 5. An dualgas fianaise a chaomhnú

Fuair COGS atreorú ón nGarda Síochána maidir le heachtra inar tharla imbhualadh feithicle aonaraí tar éis do na gardaí tóir a thabhairt don fheithicil agus fágadh gur tugadh na daoine a bhí san fheithicil sin go dtí an t-ospidéal. Cé gur tarchuireadh an eachtra chuig COGS, níor chaomhnaigh na gardaí suíomh an timpiste, agus d'fhág sé sin nach raibh imscrúdaitheoirí COGS in ann an suíomh a mhionscrúdú. Dealraítear gur cliseadh idirchumarsáide laistigh den Gharda Síochána ba chúis leis seo. Mhol COGS go gcuirfear gardaí i gcuimhne nach gcuirtear deireadh leis an dualgas atá ann go gcaomhnófar an fhianaise chomh luath is a tharchuirtear an eachtra chuig COGS le haghaidh fiosrúcháin. Is é an Garda Síochána a dhéanann eachtraí a tharchur chuig COGS agus is ar na gardaí atá an fhreagracht go gcaomhnófar an suíomh chun críocha an fhianaise is fearr a bhailiú, toisc go mbeidh siad i láthair ag an suíomh sa chéad ásc.

I gcás eile, nach mbaineann leis an gcás seo, rinne duine den phobal gearán faoi ionsaigh. Rinne sé an gearán ag stáisiún garda agus fuair COGS an gearán ó na gardaí cúig lá ina dhiaidh. Faoin am sin bhí ábhar taifeadta TCI, gurbh fhéidir gur thaifeadadh fianaise ábhartha den eachtra i gceist air, scriosta. Dá ndéanfadh na gardaí a gcuid fiosruithe go pras, féadfar go mbeadh siad in ann fianaise a gcuideodh san fhiosrúchán a bhailiú. Arís, tharraing COGS aird na ngardaí ar an fhíric nach gcuirtear deireadh leis an dualgas atá ann go gcaomhnófar an fhianaise chomh luath is a tharchuirtear an eachtra chuig COGS.

### 6. Tóraíocht feithiclí de chuid na ngardaí

Tarchuireadh eachtra chuig COGS toisc go raibh gortú trom i gceist inti. Chuaigh gardaí sa tóir ar charr agus chaill tiománaí an chairr sin smacht ar an bhfeithicil le linn den tóraíocht, rud a d'fhág gur tharla timpiste agus go raibh gortuithe agus damáiste suntasach i gceist. Fuarthas amach san fhiosrúchán nár dealraíodh go raibh aon rialú maoirseachta éifeachtach i bhfeidhm ar an tóraíocht chairr agus go raibh fadhb ann maidir le hoiliúint agus ceisteanna soláthair foireann i seomra stiúrtha an Gharda Síochána. Mhol COGS gur cheart go réiteofar tóraíocht feithiclí a dhéanann na gardaí le Cód an Gharda.
Mheas COGS go raibh an chuma ar an scéal nach raibh moltaí an Chóid le feiceáil, go rialta, sna nósanna imeachta a chleachtar i seomraí stiúrtha raidió an Gharda Síochána lasmuigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, de dheasca fadhbanna leis an méid foirne ann, is dóichí. Is mó seans go mbeidh sáirsint nó cigire ar fáil chun an priacal a mheas i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ba cheart aird a thabhairt don Chód Gharda sna gnásanna Gharda áitiúla i gceantair lasmuigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath agus go ndeimhneofar go bhfuil dóthain acmhainní tugtha do na seomraí stiúrtha raidió chun tóraíocht feithiclí a bhainistiú i gceart.

.

**7. Ceisteanna a bhaineann le húsáid arm tine**

Mar fhreagra ar eachtra i leith, scaoil ball d'Aonad Tacaíochta Réigiúnach an Gharda Síochána arm tine de thaisme. Tar éis do na gardaí an eachtra a chur faoi bhráid COGS, chinneamar go ndéanfar fiosrúchán air ar mhaithe le leas an phobail. Soiléiríodh san fhiosrúchán nach raibh aon ghortuithe ná damáiste déanta mar thoradh ar an scaoileadh.Nochtadh nach raibh aon locht meicniúil ag baint leis an arm tine gurbh fhéidir leis a bheith ina chúis le scaoileadh gan choinne. De réir dealraimh, is mar thoradh ar locht fearais a fhéadfar gur tharla an scaoileadh, locht a d'fhág gur scaoileadh an glas slándála ar an arm tine de thimpiste. Tar éis na heachtra seo, cuireadh níos mó oiliúint in úsáid arm tine ar an ngarda i gceist. Mhol COGS go ndéanfadh Coimisinéir na nGardaí athbhreithniú ar an gcrochán ilchuspóra comhdheasach a úsáideann Aonad Oiliúna in Úsáid Arm Tine an Gharda Síochána agus a úsáideann na baill foirne a iompraíonn gunnaí chomh maith toisc go bhfuil seans ann go raibh baint aige sin leis an scaoileadh gan choinne. Chomh maith leis sin mhol COGS go ndéanfar athbhreithniú ar cé chomh hoiriúnach is atá sé veist philéardhíonach a chaitheamh maidir leis an gcumas a chur ar an duine airm éagsúla a úsáid ag an am céanna. Mar fhreagra ar sin,  chuir an Coimisinéir Gharda Gníomhach tús le hathbhreithniú, mar a moladh dó.

## SCRÚDÚ AR CHLEACHTAS, AR BHEARTAS AGUS AR NÓS IMEACHTA SA GHARDA SÍOCHÁNA

Le halt 10 d'Acht an Gharda Síochána (Leasú) 2015, tugadh cumhacht do COGS mionscrúduithe ar chleachtas, ar bheartas agus ar ghnásanna an Gharda Síochána as a stuaim féin, i gcásanna lena raibh sé riachtanach cead a fháil ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Bhí dhá mhionscrúdú dá leithéid sin a bhí bainteach i bhfiosrúcháin de chuid COGS thar na blianta fós ag dul ar aghaidh in 2017. Maidir le ceann amháin dóibh, a bhain leis an gcoinneáil de dhaoine i ngéibheann nuair nach bhfuil cumhacht dhleathach ag na gardaí chun iad a choinneáil, rinneadh é sin a réiteach go héifeachtach le leasú don Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 a rinneadh in 2017.Bhí an mionscrúdú eile, a bhaineann le sábháilteacht agus leas de dhaoine a n-urghabhtar a bhfeithiclí, ag teacht chun críochnú.

## OILIÚINT GHARDAÍ

Lean COGS ar aghaidh le soláthar ionchuir oiliúna ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, i rith 2017 ó thaobh cúig chúrsa gairme éagsúla—lena gcuimsítear cúrsaí do phromhóirí, do sháirsintí nuacheaptha, do chigirí, d'fheitheoirí, agus d'ard cheannfoirt.

Bhí na modúil, a dhear agus a rith foireann COGS iad, deartha chun freastal ar riachtanais na ngrúpaí éagsúla ina gcuirtear promhóirí ar an eolas, mar shampla, faoi fheidhmeanna agus téarmaí tagartha COGS, agus ina gcuirtear sáirsintí agus baill eile a bhfuil ról maoirseachta agus bainistíochta acu ar an eolas faoina gcuid ndualgas maidir le meas agus láimhseáil ghearáin, fiosrúcháin COGS agus cásanna ina mbíonn COGS agus an Garda Síochána ag déanamh fiosrúcháin taobh le taobh.

Is deas an t-athrú idir an tslí ina deartar modúil ar leith le haghaidh grádaí áirithe anois agus an tslí inar tugadh aon taispeántas faisnéise amháin ar chuid de na cúrsaí a thug COGS i gColáiste an Gharda Síochána níos luaithe. Chomh maith leis sin, lean COGS le soláthar ionchuir oiliúna speisialta ar chúrsaí dála Chlár na nOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe.

Tá comhaontú frithpháirteacha ann lenar glac cuid d'fhoireann COGS páirt i gcúrsa oiliúna fheasacht i leith féinmharú SafeTalk ar thug teagascóirí ó Choláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, iad. Chomh maith leis sin tá oifigeach de chuid Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe COGS a d'fhreastail ar chlár oiliúna Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe de chuid na nGardaí agus táthar ag súil go gcríochnóidh sé an clár seo in 2018.

# RANNÁN 6: NOCHTUITHE COSANTA

## CÚLRA

Thug Acht um Nochtadh Cosanta 2014 cúram do Choimisiún an Ombudsman mar eagraíochta bhfaigheann faisnéis nochta cosanta ó dhaoine den phobal agus ó chomhaltaí agus fostaithe de chuid an Gharda Síochána chomh maith. Faoi dheireadh 2016, agus b'fhéidir mar thoradh ar eachtraí a tharla lasmuigh de COGS, bhí méid áirithe chomhaltaí den Gharda Síochána a rinne teagmháil le COGS chun a leithéid de nochtadh a dhéanamh. Bhí sé ag éirí soiléir do Choimisiún an Ombudsman le linn na bliana sin nach mbeadh sé sodhéanta tiomantas a thabhairt go bhfreastalófar ar an éileamh a bhí ann dá leithéid d'fhiosrúchán, ó thaobh ama agus acmhainní foirne de. Rinneadh cinneadh go gcuirfear iarratas gnó don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go méadófar an líon foirne chun a éascú bhunadh aonaid speisialta in COGS chun nochtadh cosanta a fhiosrú.

Bhí an gá a bhí ann ionad ar leith a bhunadh ag teacht chun cinn thar na blianta ina raibh Coimisiún an Ombudsman ag plé leis na teagmhálaí againne sna gardaí. Chun an muinín sa Gharda Síochána a neartú, bheartaigh an Coimisiún Ombudsman nach mbeadh baill de chuid  an aonaid speisialta laistigh de COGS (a phléann le nochtadh cosanta) ag déileáil leis na gnáthghearáin faoi Acht an Gharda Síochána 2005, go seachnófar coimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, bíodh siad sin fíor nó braite.

Chomh maith leis sin, bhí sé ag éirí níos follasaí de réir a chéile go raibh na gardaí a bhí ag dul i dteagmháil le COGS ó gach cearn den tír, bheadh sé tábhachtach go mbeadh dóthain ama ag an mbaill an aonaid  chun taisteal go mbuailfidís leis na nochtóirí agus go bhfiosróidís a ngearáin. Bhí seans maith ann go mbeadh ar dhaoine a bheith as láthair ón mbunáit i mBaile Átha Cliath ar feadh tréimhsí maithe ama.

Cuireadh iarratas gnó, ag féachaint do na ceisteanna agus an taithí den obair ar nochtadh cosanta ó 2014 i leith, chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an 23 Samhain 2016. Éilíodh Príomhoifigeach amháin chun an t-aonad a bheith i gceannas, Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe amháin ar leibhéal Príomhoifigigh Chúnta, ocht (8) Oifigeach Fiosruithe ar leibhéal ardoifigigh fheidhmiúcháin, bainisteoir oifige a d'fhéadfadh  faisnéis anailíseach a sholáthair chun tacú leis an Aonad agus oifigeach riaracháin chun an tAonad a riaradh. Luadh costais chúntacha eile a bhain leis an bhfearas oifige agus ríomhaireachta a bheadh gá leis san iarratas gnó, chomh maith le liúntas le haghaidh aon chostais taistil a bheadh ann.

I mBealtaine 2017 cuireadh an Choimisiún Ombudsman ar an eolas trí litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a seoladh chuig an An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais gur tugadh ceadú le haghaidh soláthair de thriúr imscrúdaitheoirí agus de bheirt bhall foirne tacaíochta.

Ba ar mhí-ámharaí an tsaoil nach raibh aon chruinniú le comhaltaí de chuid COGS agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh don Roinn sin an cinneadh a dhéánamh. Dá mba rud é go raibh, bheadh seans ag comhaltaí de chuid COGS cúlra an chéad tairiscint, ina iomláine, agus chomh maith leis sin bheadh siad in ann an borradh a bhfuiltear ag súil leis faoin méid dá leithéid de nochtadh. D'éalaigh COGS go ndéanfar malartú ar an líon foirne ar tugadh ceadú dóibh do cheathrar imscrúdaitheoirí agus aon bhall foirne tacaíochta amháin. Comhaontaigh an dá Ranna go ndéanfar amhlaidh. Cuireadh tús leis an bpróiseas na folúntais sin a líonadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus lean an próiseas sin ar aghaidh tríd 2017.

Seans go mbeidh obair an Aonaid um Nochtadh Cosanta ar chuid den obair is tábhachtaí a dhéanann COGS. Is ábhar castar é na cúiseanna gur do COGS a thugann fostaithe de chuid an Gharda Síochána a gcuid nochta, seachas don Gharda Síochána é féin, ach ar slite éagsúla léiríonn an cleachtas sin an easpa muiníne atá acu go réiteofar an Garda Síochána a gcuid fadhbanna. Tuigeann COGS go maith, agus sinn i mbun a leithéid de ghearán a fhiosrú, an fhreagracht atá orainn roimh an nochtóir i gceist, agus ina theannta sin roimh an nGarda Síochána ina iomláine, mar eagraíocht, chomh maith leis an pobal mór maidir leis an muinín atá ag daoine san eagraíocht sin.

## FIGIÚIRÍ

Faoi alt 22 d'Acht 2014 tá ceanglas ar gach uile chomhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagfar amach an méid nochta cosanta a bhfuarthas sa bhliain roimhe sin agus an gníomh (má rinneadh gníomh) a rinneadh chun déileáil leo siúd. Nochtadh sa dara tuarascáil bhliantúil dá leithéid a d'eisigh COGS, ag tagairt do 2017, (cumhdaíodh 2014, 2015 agus 2016 sa chéad Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta a eisíodh in 2016) go bhfuair COGS 22 nochtadh in 2017. Bhí naoi nochtadh cosanta fós oscailte ag deireadh 2016, ag fágáil go raibh 31 chás idir láimh le linn 2017 san iomlán.

De na cásanna sin, bhí sé cinn dúnta ós rud é gur mheas an Ombudsman nach raibh gá le breis fiosruithe nó nach raibh sé indéanta le réasún.

Tá an fuílleach - 25 gcás - fós i mbun fiosruithe nó scrúduithe.

Ní bhfuair COGS aon nochtadh cosanta maidir le haon bhaill dá chuid foirne féin.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN ACHT UM NOCHTUITHE COSANTA

In 2017 bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Chuir COGS aighneacht dá chuid féin faoi bhráid an ghrúpa oibre seo inar tugadh leasuithe ar mhol COGS a chuir leis an Acht de réir an taithí aige ar a bheith ag obair faoin reacht.

Tá an cumas faisnéis a roinnt le heagraíochtaí eile ar bhealach ceart ar cheann de na cúraim is práinneach atá ar COGS. Bíonn an tÚdarás Póilíneachta ag lorg faisnéis ó COGS faoi ghardaí nuair a bhíonn siad ina n-iarrthóirí chun ardú céime a fháil agus, más rud é go dtugann an t-iarrthóir cead dúinn, is mór an tairbhe é an roinnt faisnéise seo do na páirtithe uile. Ní féidir a leithéid de chomhroinnt faisnéise i gcásanna de nochtadh cosanta toisc go bhfuil seans ann gurb é an toradh a bheadh air ná go ndéanfar aitheantas an nochtóra. Tá COGS agus an tÚdarás Póilíneachta tar éis athruithe a mholadh san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Níl a fhios ag COGS cén dul chun cinn atá déanta, más rud é go bhfuil aon dá leithéid déanta ar chor ar bith, maidir leis na moltaí sin.

# RANNÁN 7: FORBAIRTÍ REACHTACHA

Cuireann roinnt píosa reachtaíochta a tháinig in éifeacht i 2017 nó a thiocfaidh in éifeacht i 2018 oibleagáidí nua ar COGS. Athbhreithníodh modhanna agus cuireadh i bhfeidhm beartais nua, agus mar thoradh air sin bhí gá le hoiliúnt foirne a chur ar fáil agus i gcásanna áirithe fostaíodh tuilleadh ball foirne. Déantar cur síos ar na himpleachtaí do COGS i 2017 a bhaineann le trí acht ar leith. Déantar cur síos sa rannán Togra chun Athrú Reachtaíochta le bunús agus eochairphointí na haighneachta faoin athrú reachtaíochta a rinne COGS leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Nollaig 2017. Is féidir téacs na haighneachta a léamh ar shuíomh gréasáin COGS.

## COSAINT LEANAÍ

Rinne COGS an-chuid oibre cheana féin i 2017 i dtaca leis na réamhullmhúcháin ar ghá leo roimh theacht in éifeacht fhorálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015. Áiríonn na forálacha, i ndálaí áirithe tuairisciú éigeantach na gcásanna do Tusla a dhéanamh, is é Tusla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Cé go raibh Beartas Leasa agus Cosaint Leanaí i bhfeidhm le roinnt blianta anuas ag COGS, agus go raibh sé ag tarchur cúiseanna imní maidir le leas leanaí don údarás cuí - an FFS ar dtús, agus ina dhiaidh sin, Tusla— ón 11 Nollaig 2017 ar aghaidh, cuireadh ceanglais bhreise ar oifigigh ainmnithe a dtugann faoi imscrúduithe coiriúla de réir alt 98 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Is é COGS ball den gCoiste Chur I bhFeidhm Tús Áite do Leanaí (earnáil an cheartais) ó 2012, ó shin táimid i gcomhar le heagraíochtaí agus áisíneachtaí eile ag obair chun beartais agus prótacáil oiriúnacha a leagan amach. Thug an fhoireann COGS faoi chlár oiliúna agus eolais faoi impleachtaí fhorálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí le linn 2017. Sa chlár oiliúna bhí roinnt ábhair— tosaíodh le múscailt feasachta agus sraith cur i láthair agus ansin soláthraíodh na cáipéisí tacaíochta chun gur féidir tús a chur leis an bpróiseas tuairiscithe éigeantaigh.

Foilsíodh i Nollaig 2017 Ráiteas Cumhdaigh do Leanaí, ina leagtar amach conas a a dhéileáiltear le páistí a n-úsáideann seirbhísí COGS, agus na nósanna imeachta agus prionsabail a gcaithfí cloí leo chun páistí a choimeád slán sábháilte nuair atá siad ag úsáid na seirbhísí.

Forbraíodh an Ráiteas de réir ceangaltas an Achta agus de réir treoracha náisiúnta a chruthaigh Tusla. Sa Ráiteas leagtar amach na nósanna imeachta atá ann chun rioscaí aitheanta a bhainistiú agus tá measúnú riosca díobhála do pháiste a n-idirghníomhann le COGS.

I 2017, d'aithin baill foirne COGS 296 cás ina raibh baol féideartha do chumhdach agus leas linbh. Tá cineáil na gcásanna a aithnítear an-éagsúil; airítear cásanna ina bhféadfadh páistí a bheith i láthair nuair a tharla teagmhas foréigneach, nó gearáin a bhaineann le mí-úsáid líomhnaithe leanaí nuair a bhí an gearánach ina leanbh agus i gcás ina bhféadfadh leanaí eile a bheith i mbaol, nó imní maidir le hiompar gardaí i dtaca le leanaí, nó teagmhais inar tháinig imní leas leanaí chun cinn maidir lena n-idirghníomhaíochtaí le gearánacha.

Dhéileáil COGS le 324 cás (tugadh 28 acu ar aghaidh ó 2016) ina raibh baol féideartha do pháiste i 2017. Díobh sin:

- Rinneadh 75 tarchuir chuig Tusla
- Breithníodh 140 cás ina ndearnadh cinneadh gan iad a tharchur chuig TUSLA
- Bhí 109 chás á mbreithniú fós ag deireadh na bliana mar ní raibh go leor eolais iontu chun atreorúchán feasach a dhéanamh.

Níor rinneadh aon tuarascáil éigeantach i 2017 agus ní fuair COGS aon iarratas sainordaithe cabhrach.

## ÍOSPARTAIGH COIREACHTA

Cuireadh i bhfeidhm an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) an 27 Samhain 2017, acht a thugann aitheantas sainráite faoin dlí don chéad uair, do chearta íospartaigh. Tá cearta dlíthiúla ag íospartaigh anois maidir leis an eolas agus tacaíocht a dteastaíonn uathu chun cabhrú leo sa tréimhse thrámach atá ar siúl acu de bharr na heachtra coiriúla.

Roimh theacht isteach an Achta, rinne COGS bhearta cheana chun tacú le híospartaigh i gcomhréir leis an Treoir AE a raibh ba chúis don Acht. Airíodh sna bearta oiliúint a sholáthar maidir le hoibleagáidí atá ag COGS faoi bhun an Achta

agus próisis fhoirmiúla a fhorbairt chun a chur ar chumas na mball foirne measúnú íospartaigh a dhéanamh agus mar sin leanaí/daoine fásta leochaileacha a aithint. Bunaíodh na ceanglais chumarsáide agus soghluaisteachta chomh maith. Cuireadh tús le clár oiliúna chun a chinntiú go ndéanfadh imscrúdaitheoir oilte aon agallamh le híospartach cora, pé cineál ciona a bheadh gceist.
.
Tugadh iseach bileog eolais a chruthaíodh go speisialta do ghearánacha. Sa bhileog seo tá eolas faoi phróisis COGS agus sonraí teagmhála de ghníomhaireachtaí eile a d'fhéadfadh tacaíocht a sholáthar. Tugtar í do gach ghearánach nuair a fhaightear gearán. Scríobhadh an bileog eolais i mBéarla simplí chun a chinntiú go mbeadh sé intuigthe.

Ó cuireadh i bhfeidhm na nósanna imeachta sin, méadaíodh feasacht lucht COGS ar cad a bhíonn ag teastáil ó ghearánacha. I 2014, mar shampla, sainaithníodh go raibh riachtanais fhéideartha ag 23% d'íospartaigh, agus i 2017 sainaithníodh go raibh riachtanais fhéideartha ag beagnach 40% d'íospartaigh. Rinne COGS bearta chun freastal ar íospartaigh nár Béarleoirí nó Gaeilgeoirí iad – Tá foirmeacha gearáin ndeich teanga éagsúla ar fáil ar shuíomh idirlín COGS. Tá beartas ag COGS seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin a sholáthar, agus méadaíodh go suntasach líon na n-ócáidí ar a bhfuil na seirbhísí seo riachtanach freisin, mar shampla, bhí seirbhísí aistriúcháin de dhíth naoi n-uaire i 2014 agus 47 uair i 2017.

Bhí impleachtaí suntasacha ag reachtaíocht Íospartaigh na Coireachta do bhaill foirne COGS, leanann an obair ionas go gcomhlíonfadh an eagraíocht a n-oibleagáidí faoi bhun an Achta. Is eagraíocht COGS í atá ag dúil le ról rannpháirteach a ghlacadh chun cur chuige nua a fhorbairt maidir le híospartaigh coiriúlachta in Éirinn.

## TRÉDHEARCACHT

Cuirfidh an Rialúchán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a thiocfaidh in éifeacht i mBealtaine 2018 oibleagáidí troma ar na rialaitheoirí sonraí go léir maidir le trédhearcacht, COGS san áireamh. Baineann an Rialúchán seo le próiseáil, coinneáil agus cosaint sonraí.

Mar réamhobair ar thabhairt isteach na gceangaltas nua seo, cheangaltais a cheapadh chun cosaint éifeachtach a thabhairt do shonraí pearsanta, bhun COGS Grúpa Forfheidhmithe GDPR a bhfuil sé de dhualgas orthu athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar GDPR ar an eagraíocht agus na hathruithe cuí a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús le hanailís, mapáil agus cáinníochtú na ngníomhaíochtaí próiseála i Lúnasa 2017 agus leanadh ar aghaidh leis na tascanna sin le linn na bliana agus i 2018.

Uaireanta coimeádann an eagraíocht sonraí íogair faoi dhaoine a úsáideann seirbhísí COGS de bharr an chineál oibre atá i gceist—déileáileann siad le gearáin faoi ghardaí agus mar sin de. Ní mór do COGS mar a chaithfidh rialaitheoirí sonraí eile, cíoradh a dhéanamh ar na cúiseanna a bhfuil sonraí áirithe aige, an tréimhse ama a gcoimeádann sé iad agus conas trédhearcacht a chinntiú do phríomhúsáideoirí na seirbhíse i.e. do ghearánacha agus baill na nGardaí.

Thosaigh an grúpa forfheidhmithe, a chuimsíonn ionadaithe ó gach aonad gnó laistigh den eagraíocht agus atá faoi stiúir an Bhainisteora Beartas agus Rúnaíochta (a ghníomhaíonn mar Oifigeach Cosanta Sonraí agus Oifigeach Saorála Faisnéise COGS), athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais Cosanta Sonraí COGS, ar fhógraí príobháideachais agus ar fhógraí toilithe. Thosaigh an grúpa chomh maith ag breathnú ar conas a dhéanfaidh an eagraíocht iarratais ó dhaoine aonair chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí laistigh den tréimhse ama éigeantach nua de 30 lá. Tá sé socraithe ag an ngrúpa conarthaí reatha na bpróiseálaí sonraí a athbhreithniú agus a athdhréachtú ionas go gcomhlíonfaí na hoibleagáidí nua.

Nocht COGS a thuairimí maidir leis an dréacht den mBille Cosaint Sonraí, Bille nach raibh foilsithe go fóill é faoi dheireadh 2017.

Ceann de na dúshláin is mó do COGS a bhaineann leis an GDPR is ea an ceanglas na hiarratais rochtana a phróiseáil laistigh den sprioc-am de 30 lá; bhí sé soiléir i 2017 nach raibh acmhainní ag an eagraíocht chun é sin a dhéanamh agus cinneadh iarratas foirmiúil a dhéanamh chun bhaill foirne breise a fháil. Cuireadh an t-iarratas sin sa chás

gnó a sheoladh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go luath i 2018.

Fós níor ainmníodh go foirmiúil Oifigeach Cosaint Sonraí a mbeadh ról ar leith aige nó aici faoin GDPR ag deireadh 2017. Cuireadh tús le réamhobair cheana chun Beartas Cosaint Sonraí COGS agus sceideil choinneála a leagan amach chun go bhfeadfaí aontú leo roimh sprioc-am an 25 Bealtaine 2018.
Cuireann COGS eolas ar fáil don bpobal agus do pháirtithe leasmhara eile faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, trí fhreagraí do bhaill an Oireachtais agus aighneachtaí do cheisteanna parlaiminte, trí fhreagraí na gceisteanna a fhaightear ó na meáin agus anois faoin reachtaíocht Cosaint Sonraí.

Leagtar sa tábla thíos líon na n-iarratas a phróiseáileadh.

**Tábla 4:** Iarratais faisnéise a phróiseáladh i 2017

| Cineál iarratais | Líon |
|---|---|
| Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise | 45 |
| Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 | 49 |
| Aighneachtaí ó chomhaltaí an Oireachtais | 24 |
| Iarratais ó na meáin | 228 |
| Aigneachtaí arbh fhreagraí iad do Cheisteanna Parlaiminte. | 52 |

## TOGRA D'ATRHÚ REACHTAÍOCHTA

Le linn 2017, lean an Coimisiún a bhfuil 10 mbliana de thaithí oibríochta aige, ag iarraidh athchóiriú fairsing a dhéanamh ar an reachtaíocht a rialaíonn a ghníomhaíochtaí; Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht). Ar an 11 Éanair 2017 bhuail COGS leis an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí ag an am Frances Fitzgerald, agus le feidhmeannaigh na ranna sin chun athruithe na reachtaíochta a phlé. Pléadh go bhféadfaí píosa aonair de reachtaíocht a bheith ann agus cuireadh fáilte roimh an bplé sin. Ina dhiaidh sin, an 18 Bealtaine 2017, bhuail COGS le feidhmeannaigh an Ranna arís. Pléadh dhá rogha le linn an chruinnithe sin; an tAcht reatha a leasú nó reachtaíocht aonair nua a dhréachtú. D'athdhúirt COGS a sheasamh, ba mhaith leis reachtaíocht aonair a bheith ann. I Nollaig 2017, sheol an Coimisiún a chuid tograí ar son athraithe reachtach chuig an Aire. Nocht an Coimisiún a thuairim; go leagann an Acht reatha próisis ró-chasta síos. Dar le COGS, d'fheabhsódh reachtaíocht athbhreithnithe neamhspleáchas na heagraíochta.

I measc athruithe na n-oibríochtaí go bhfuil COGS ag teastáil uathu sa reachtaíocht nua, tá trí cinn an-tábhachtach. Is iad seo:

- cur leis an gcumas réiteach níos luaithe agus níos éifeachtúla maidir le gearáin thromchúiseacha,
- freagracht na -imscrúduithe go léir a chur ar COGS, agus,
- próisis shimplíthe a chur in áit na próisis casta atá san Acht reatha.

Maidir le neamhspleáchas, ceapann an tUachtarán Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus tá sé freagrach don Oireachtas. Tá caidreamh tuairiscithe cuí idir COGS agus An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bíodh sin mar atá, chomh maith leis an gcaidreamh sin, is ceist don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an mhaoiniú COGS: is é nó í an tOifigeach Cuntasaíochta COGS ná Ard-Rúnaí an Ranna sin. Is cuid lárnach í neamhspleáchas COGS do chumas COGS a dhualgais a chomhlíonadh agus muinín an phobail a chur chun cinn sa chóras maoirseachta póilíneachta in Éirinn. Is féidir neamhspleáchas agus muinín an phobail sa chóras a neartú dá ainmneofaí COGS mar comhlacht lán-neamhspleách. Cuirfidh an oiread neamhspleáchais sin leis an gcumas COGS a fhrithghníomhú níos tapa mar a athraíonn dálaí i dtaca le hearcaíocht agus reachtaíocht nua. Dar leis an gCoimisiún, ionas go bhféadfaí muinín a bheith ag daoine sa chóras, caithfear neamhspleáchas a bheith fíor agus soiléir.

Molann COGS go mbeidh sé freagrach as gach gearán a imscrúdú. Forálann an tAcht go dtarchuirfí gearáin nach bhfuil ábhair choiriúla iontu chuig an Gharda Síochána chun imscrúdú faoi mhaoirseacht COGS nó imscrúdú neamh-

mhaoirsithe a dhéanamh.  Is conspóídeach an córas maidir le muinín an phobail agus éifeachtúlacht. Bheadh athmheasúnú mór ar na hacmhainní atá ar fáil do COGS de dhíth dá scorfaí an cleachtas. Mar sin féin, ní oibríonn an córas reatha faoi scéim an Achta le deich mbliana anuas. Tá moilleanna fada chun imscrúduithe an Gharda Síochána a chríochnú, agus féadann an fhaisnéis a fhaightear ón nGarda Síochána tar éis imscrúduithe a bheith míshásúil do ghearánacha. Ba é an loighic ar eascair an córas reatha uaithi ná an Garda Síochána a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as cúrsaí araíonachta laistigh den eagraíocht. Aontaíonn COGS leis an loighic sin agus ba mhaith leis go dtógfadh bainistíocht líne an Gharda freagracht as cúrsaí seirbhíse agus cineáil eile de réitigh.

Mar sin féin, tar éis taithí a fháil, measann COGS nár chóir imscrúdú a dhéanamh trí lionsa Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána 2007 ar ghearáin a fhaigheann sé ó bhaill an phobail.

Leagtar an-iomarca béim ar chúiteamh agus ní leor an bhéim atá ar réiteach sa chóras reatha, córas atá faoi bhun an Achta. Leagtar an bhéim mar sin mar socraíonn an córas ceisteanna neamh-choiriúla go príomha i dtreo imscrúduithe de réir na Rialachán Araíonachta, rialacháin a bhaineann le baill an Gharda agus nach dhéanann go leor chun muintir an phobail a shásamh.  I dtaithí COGS, is iomaí gearán neamh-thromchúiseach - is é sin, nuair nach bhfuil aon iompar coiriúil nó mí-iompar tromchúiseach i gceist - a bhaineann le teip i soláthar seirbhíse ar thaobh an Gharda Síochána, agus ní i gcónaí a bhíonn ball aonair lochtach.  I gceisteanna mar shampla - cás ina teipeadh glao ar ais a chur ar dhuine, dar le COGS, is fearr an fhadhb a réiteach ar an gcéad ásc. Is minic gur mhaith le daoine freagairt corparáideach nó bhainistíochta a fháil. Caithfear An Garda Síochána a spreagadh chun freagairtí mar sin a sholáthar.

D'fhéadfadh bealach níos lú maorlathach dul i ngleic le ceisteanna seirbhíse a chur i bhfeidhm, bealach a úsaideann na gnáthphróisis bhainistíochta líne laistigh den Gharda Síochána, chun torthaí i bhfad níos sásúla agus níos éifeachtúla a bhaint amach i líon mhór de chásanna cuí.

Ní mór don reachtaíocht cead a thabhairt do COGS arna chinntiú más cuí iarracht réitigh áitiúil a dhéanamh.
Thabharfadh na réitigh seo léiriú níos fearr ar fheidhm an ombudsman: is éard atá i gceist leis réiteach a lorg seachas an síorbhéim a bheith ar smachtbhannaí maidir le mí-iompar. Chun cur leis an gcumas teacht ar réitigh éifeachtúla, bheadh gá le athrú beime ó chúrsaí cúitimh agus smachbhannaí a ghearradh ar ghardaí go hidirghábháil agus réiteach chun shásacht na bpáirtithe go léir. Ciallaíonn sé seo go mbeadh mianta an ghearánaigh nó na gearánaí lárnach chun teacht ar réitigh. Ba bhreá an t-athrú é i gcomhthéacs Threoir an AE maidir le hÍospartaigh Coiriúlachta agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Coiriúlachta).

D'fheabhsódh próisis agus sceidil chun shásacht an chórais a neartú agus ní mór é sin a dhéanamh. Rud a chabhródh leis an bhfeabhsú sin ná  deireadh a chur le gnéithe áirithe a bhaineann leis an reachtaíocht a ndearbhaíonn nach féidir imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí araíonachta ach amháin nuair a chríochnaítear líomhaintí coiriúla imscrúdaithe. Ó thaobh na praiticiúlachta de, ciallaíonn sé seo nach bhféadtar dul i ngleic le ceisteanna araíonachta a thagann chun cinn le linn an imscrúdaithe choiriúil, ach go mall sa phróiseas, agus bíonn míshástacht ar na bpáirtithe dá bharr sin. Molann Coimisiún an Ombudsman na snáitheanna imscrúdaithe seo a shruthlíniú.

Sa togra a fhoilsíodh, moltar go gcuirfear ar chumas COGS fiosrúcháin thosaigh an Gharda Síochána a dhéanamh (maidir le gearáin a rinneadh) ar mhaithe le cothrom agus le héifeachtacht agus chun cabhrú le hinghlacthacht a chinneadh. Anois, is go rialta a dhéanann COGS fiosrúcháin den sórt sin ó thaobh na ngearánacha de, ach níl sé ábalta é a dhéanamh maidir leis an Garda Síochána.

Baineann COGS agus an Garda Síochána ciall as ailt an Achta áirithe ar bhealaí difriúla. D'fhéadfadh leasú reachtaíocta níos mó soileireachta a thabhairt do dhá earnáil ar leith.  Ceann amháin is ea inniúlacht an Gharda Síochána gearáin a ndearna baill an phobail ina choinne agus a mbaineann le hiompar an gharda a imscrúdú. Creideann Coimisiún Ombudsman

an Gharda Síochána go bhfuil muinín ag roinnt daoine sa Gharda Síochána chun a leithéid de chúrsaí a imscrúdú, agus uaireanta, is é an gníomh cuí i gcás an ghearáin. Molann sé cumasú an ghearánaigh nó na gearánaí a neartú trí guth a thabhairt dóibh sa chinneadh maidir le rogha an duine a d'imscrúdódh an cás. Ar an dara dul síos, neartódh atreisiú reachtaíochta lena mbaineann dualgas an Gharda Síochána coimhoibriú le COGS (go háirithe chun eolas a sholáthar dó) eifeachtúlacht.

Tá an tAcht sách saintreorach maidir le fógraí agus tráthúlacht díobh. Mar shampla, caithfidh COGS gardaí a chur ar an eolas faoi ghearáin inghlactha. Is údar crá croí do ghardaí é sin agus cuireann sé tromualach oibre maorlathaí ar COGS. Moltar go dtugtar isteach níos mó solúbthachta maidir le fógraí sa reachtaíocht nua.

Comhghéilltear neamspleáchas oibríochtúil COGS toisc go bhfuil ceanglas cead an rialtais agus an Aire a fháil i dtaca le tabhairt faoi imscrúdaithe ar iompar Choimisinéir na nGardaí. Ní foláir athbhreithniú a dhéanamh air sin. Ní folair do COGS Coimisinéir na nGardaí a chur ar an eolas roimh ré má theastaíonn uaidh stáisiún garda a chuardach. Ní foláir athbhreithniú a dhéanamh air sin chomh maith. Tá cumhacht ag an Údaras Póilíneachta cúrsaí a tharchur chuig COGS le haghaidh imscrúdaithe. Ba cheart go gcoimeádfadh COGS a chumas chun triail suime an phobail a dhéanamh sula ndéanann sé imscrúduithe ar na cúrsaí seo. Mura ndeántar amhlaidh, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina mheicníocht achomhairc i gcoinne cinntí COGS i gcásanna a bhí imscrúdaithe roimhe seo.

Is féidir trédhearcacht an phróisis go léir a fheabhsú. Nuair atá tabhairt faoi imscrúdaithe fhoirmiúil an rud cuí a dhéanamh, ba cheart go mbeadh an toradh curtha faoi fhíor-mhaoirseacht. Go háirithe is conspóideach an coincheap maidir leis an easpa cumhachta COGS cúinsí a fháil, más rud é go gcinnfidh an Garda Síochána dul i gcoinne a mholtaí. Ní hé maoirseacht éifeachtach é seo.

Maidir le nochtadh neamhpháirtí, i gcás go gcoimeádfadh COGS ábhar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do chúinsí maidir lena cosaint nó lena chosaint, níl aon fhoráil reachtúil ann maidir le conas a d'fhéadfadh COGS an t-ábhar sin a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara. Ar an gcaoi chéanna, tá sé deacair faisnéis ábhartha a sholáthar don Údarás Póilíneachta má fuair COGS an t-eolas trí nochtadh cosanta. Bheadh foráil reachtach don dá chás seo cabhrach.

Aithníonn Coimisiún Ombudsman An Gharda Síochána tábhacht an róil atá aige chun dualgasan Stáit a chomhlíonadh maidir le Airteagal 2 den gCoimbhinsiún Eorpach um Chearta An Duine. Eascraíodh mearbhall as na próisis chasta a leagtar amach san Acht. Baineann castacht le cás nach léir aon mhí-iompar garda a bheith ann ar an toirt. Moltar go gcuirfear oibleagáid ar COGS gach cúrsa ar tharchuir Coimisinéir na nGardaí iad chuige a imscrúdú seachas iad a chíoradh. Creideann an Coimisiún freisin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú do dhíobháil thromchúiseach, go háirithe maidir le cionta gnéis, chun an sainmhíniú sin a neartú.

Lorgaítear san aighneacht níos mó soiléireachta maidir leis na cumhachtaí póilíní atá infheidhmithe ag oifigigh ainmnithe COGS. Éiríonn deacrachtaí praiticiúla nuair nach bhféadann oifigigh imscrúdaithe shinsearacha cumhachtaí a fheidhmiú os cionn céim gharda,mar shampla iarratas a dhéanamh d'atráthú chróinéara. Ina theannta sin, ba mhaith le níos mó soiléireachta maidir le cumas COGS cúrsaí a mbaineann le daoine nach comhaltaí den Gharda Síochána iad a imscrúdú.

Cruthaíodh ceisteanna nua do COGS de bharr an Achta um Nochtaí Cosanta. San aighneacht tá roinnt tograí maidir le hainmneacha na nochtóirí a chosaint, an méid rogha atá ag COGS chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí a tharchuir an tAire, agus cosaint sonraí a eascraíonn as nochtadh cosanta. Tugtar faoin gceist chomh maith go bhféadfadh ceisteanna a ndírítear aird COGS orthu mar nochtaí cosanta a bheith faoi réir imscrúdaithe agus go bhféadfaí iad a bheith faoi réir imeachtaí araíonachta nó coiriúla ag ilghníomhaireachtaí.

Pléitear san aighneacht cíoradh ar bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais an Gharda agus pléitear ceart reachtúil d'athbhreithniú féideartha. Tarraingíonn an dociméad seo aird ar an bhfíric go raibh raon feidhme fiosrúcháin

maidir le hoifigigh ainmnithe COGS á phlé de bharr tráchtaireacht a d'eascair as an bhfiosrúchán a raibh an tOnórach an Breitheamh Frank Clarke i gceannas air.

Baineann na moltaí deiridh le liosta simplithe ina liostaítear na sáruithe a dhéanann gardaí agus a n-eascródh smachtbhanna araíonachta orthu, agus le cumas COGS comhimscúdú a dhéanamh le gníomhaíochtaí eile mar d'fhéadfadh scileanna ábhartha imscrúaithe a bheith acu.

Bheadh ar COGS tabhairt faoi i bhfad níos mó oibre de bharr a bhfuil in aighneachtaí na dtógraí i gcomparáid leis an méid obair atá anois. Dá bhrí sin cuireann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána béim ar cé chomh tábhactach is atá acmhainní a chur ar fáil don eagraíocht chomh maith le tábhacht an athraithe reachtaigh.

# RANNÁN 8: AN FHOIREANN

## LÍON NA MBALL FOIRNE

Ag an 31 Nollaig 2016, bhí 77 ball foirne fostaithe i nCOGS, 21 díobh fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin lucht agus 56 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Bhí 10 bhfolúntas le líonadh san eagraíocht chomh  maith. This cuimsigh five vacancies istigh! the Cosanta Rud a nochtadh Aonad. Anuas air sin, bhí bhí Choimisinéirí, Ceannfort a bhí ar iasacht ón nGarda Síochána[2], beirt  chonraitheoirí TFC agus conraitheoir a fhostaíodh chun seirbhísí na Meán Cumarsáide a sholáthar ann. D'éirigh Coimisinéir Mark Toland as chun glacadh le post i gCigireacht an Gharda i Samhain 2017.

Fuair COGS cead i Meitheamh 2017 aonad nua san eagraíocht a bhunú chun sainobair in imscrúdú na nochtaí cosanta a dhéanamh. Thug an ceadú deis do COGS chun ceathrar imscrúdaitheoirí agus ball foirne tacaíochta amháin a earcú san aonad seo. Reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) feachtas rathúil earcaíochta thar ceann COGS chun na folúntais imscrúdaitheoirí a líonadh agus táthar ag súil go dtosóidh na hiarrthóirí rathúla a gcuid post nua i COGS go luath i 2018.

Earcaíodh baill foirne ó phainéil a bhí ann de bharr comórtas oscailte a reachtáil PAS roimhe sin. Líonadh folúntais thábhachtacha mar shampla Oifigeach dlí Sinsear, agus Oifigeach Cúnta Imscrúduithe. Tugadh ardú céime do roinnt baill foirne COGS chomh maith le linn 2017, tar éis comórtas inmheánacha a reachtáil, agus earcaíodh baill foirne ó phainéil oscailte PAS chun folúntais a líonadh i Stiúrthóireacht Riarachán COGS.

I rith 2016 bunaíodh beartas agus nósanna imeachta d'fhoireann COGS nochtaí a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Níor fuarthas aon nochtadh inmheánach i 2017, agus níor fuarthas aon ceann idir 2014-2016.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Tá Coimisiún Ombudsman An Gharda Síochána tiomanta d'oiliúint agus cláir úas-scilithe a chur ar fáil don bhfoireann. Tá an tiomantas seo mar chuid de bheartas COGS chun tacú a thabhairt d'fhorbairt na foirne ar fud na heagraíochta, sa chaoi gur féidir na scileanna lárnacha a fheabhsú san ionad oibre, agus dá réir sin feidhmíocht COGS a neartú i gcoitinne.

In Áibreán 2017 chinn an Coimisiún Ombudsman níos mó tosaíochta a thabhairt d'fhoghlaim agus forbairt san eagraíocht tar éis cúpla bliain de ciorrúcháin oiliúna toisc go raibh sriantachtaí acmhainní ar siúl.  Chuir an Coimisiún Aonad Foghlaim agus Forbairt (L&D) speisialta ar bun mar fhreagairt dhíreach ar na riachtanais atá ag an bhfhoireann chun níos mó rochtana maidir le deiseanna oiliúna agus forbartha a sholáthar. Leagadh an cúram ar bhainisteoir L&D as an gclár oiliúna a phleanáil agus é a chur i bhfeidhm. Roimhe seo, comhlíonadh an ról L&D mar chuid d'fheidhm ghinearálta na ranna acmhainní daonna.

Léirigh chinneadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chomh maith go bhfuil se de rún ag COGS "bheith ina eagraíocht a fheabhsaíonn go síoraí seasta" de réir na cuspóirí a leagtar síos i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, plean a seoladh i nDeireadh Fómhair 2014. Chuir beart 9 sa phlean sin ar bun Seirbhís Chomhroinnte Foghlama Aonair chun cláir choiteanna oiliúna don státseirbhís a fheidhmiú agus a bhainistiú, agus bhí COGS in ann leas a bhaint as na cláir seo dá fhoireann le linn na bliana.

I 2017 réitigh an tAonad L&D an bealach le 26 clár oiliúna difriúil a chur ar fáil d'fhoirean COGS. As an 85 ball foirne (beirt Choimisinéirí san áireamh), d'fhreastail 74 díobh ar idirghabháil oiliúna amháin nó níos mó. Is ionann an figiúr sin 87% den bhfoireann.

Airítear san oiliúnt thábhachtach a soláthraíodh do COGS le linn 2017 scileanna imscrúdaitheacha agallaimh d'imscrúdaitheoirí nua agus d'imscrúaitheoirí a bhfuil ag COGS cheana féin. Is amhlaidh a chionnítear inniúlachtaí agallaimh maithe laistigh de COGS.

2 Chuaigh Ceannfort an Gharda ar scor agus ní chuirtear duine ina áit.

Cuireadh i bhfeidhm cláir do Cheannaireacht Feidhmiúcháin and Forbairt Bainisteoireachta chomh maith chun cur leis na scileanna ceannaireachta atá ag bainisteoirí líne COGS ar fud na heagraíochta. Oiliúint thábhachtach anuas air sin soláthraíodh oiliúint chun an fhoireann go léir a chur ar an eolas faoina ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.


.

## COIMISIÚN AN OMBUDSMAN

Deighilteoir grúpaí críochnaithe the bliain gad ceart two Coimisinéir, Cathaoirleach An Breitheamh Mary Ellen Ring and meag- Ciarán FitzGerald, tar éis the imeacht of meag- Mark Toland. Eacaíodh do COGS Mark Toland i Nollaig 2016,

agus thug sé leis ceithre bliana de thaithí a thuill sé ina phost mar Leas-Phríomhchigire i gCigireacht an Gharda maidir le maoirseacht phóilíneachta agus thug sé leis 30 bliain de thaithí mar Gharda. D'fhill sé ar Chigireacht an Gharda Síochána, mar Phríomh-Chigire, i mí na Samhna, ach le linn a chuid ama ghearr a chaith sé le COGS bhí tionchar nach beag ag an méid a rinne sé, lena n-áirítear an Fhoireann um Fheabhsú Gnó a stiúradh san athbhreithniú a rinne BIT ar an eagraíocht. Bhí an próiseas chun an folúntas a líonadh ar siúl ag deireadh na bliana.

**Cairt 9:** Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin



# CONCLÚID

Bhí forbairtí suntasacha san earnáil cheartais le linn 2017. Ceann tábhachtach ina measc ab ea bunú an Choimisiún um Thodhchaí Póilíneachta in Éirinn. Tá raon cúram ag an gCoimisiún, maoirseacht an Gharda Síochána san áireamh. Bhuail COGS leis an gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2017
agus gheall sé a thuairimí a nochtadh i dtaca le hathrú reachtaíochta leis an gCoimisiún le linn an chomhairliúcháin. Tá comhairliúchán nach beag leis an gCoimisiún ag súil le COGS i 2018.

Thug COGS faoi dhá athbhreithniú mhóra le linn 2017. Athbreithníodh an reachtaíocht a rialíonn ár ngníomhartha; An tAcht an Gharda Síochána 2005. Bhreathnaigh an Coimisiún Ombudsman siar ar na deich mbliana de thaithí oibríochta atá aige agus ar iarratais chun athrú reachtaíochta a chur i ngcrích a rinneadh roimhe. Mar thoradh air seo
, rinneadh iarratas cuimsitheach chun píosa aonair reachtaíochta a dhréachtú ós rud é go mbunófí COGS mar áisíneacht neamhspleách agus go gcuirfí i bhfeidhm roinnt athruithe móra sa chaoi a fheidhmníonn sé. Cuireadh an dociméad i láthair don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Nollaig 2017 and tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin COGS, www.gardaombudsman.ie.
Tá súil ag Coimisiún an Ombudsman dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara le linn 2018.

Nuair a bhí an Coimisiún ag lorg athruithe, bhí a fhios aige go mbeadh tionchar ag eagraíocht athraithe ar chúrsaí acmhainní agus go gcaithfear i bhfad níos mó acmhainní a chur ar fáil. Chuige sin, rinneadh iniúchadh inmheánach cuimsitheach ar chleachtais oibre agus ar leibhéil foirne. De bharr an chleachtais, tarraingíodh pictiúr den gcuma COGS a bhfhéadfaí a bheith air sa todhchaí. Déileáiltear leis an scéal reatha maidir le soláthar foirne mura n-athrófí an reachtaíocht. D'aimsigh an fhoireann plean chun dul i ngleic leis na ceisteanna reatha, chun dul i ngleic le pleanna meántéarmacha agus chun dul i ngleic le riachtanais fhadtéarmacha na heagraíochta lena mbaineann an todhchaí. Ba é an féininiúchadh sin bunús leis an gcás gnó ina phléitear neartú an sholáthair foirne. Tabharfaidh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an cás gnó sin leis i 2018.

Ag deireadh na bliana, ní raibh ach beirt chomhaltaí i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochánach tar éis imeacht Mark Toland chun a phost nua a thosú mar Phríomhchigire i gCigireacht an Gharda. Bhí tionchar fiúntach ag an méid a rinne Mr Toland lena linn, mar gheall ar an t-athreithniú inmheánach thuasluaite a raibh sé i gceannas air. Táthar ag súil go mbeidh comhalta nua sa Choimisiún i 2018.

# AGUISÍN 1: RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚCHÁIN INMHEÁNACHA

## RIALACHAS

Bíonn triúr i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, beirt Choimisinéirí agus Cathaoirleach amháin, ní mór bean amháin agus fear amháin a bheith ann. Caithfidh an tUachtarán gach chomhalta i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a cheapadh tar éis ainmniúchán an rialtais agus moltaí an dá Theach an Oireachtais a cheapachán nó a ceapachán a fhaomh. Ceaptar duine de chomhaltaí an Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.[1]

Sa tréimhse ina tharla an t-iniúchadh: bhí an tÓnórach Breitheamh Mary Ellen Ring (Cathaoirleach), Mr Kieran Fitzgerald agus Mr Mark Toland sa Choimisiún Ombudsman (D'éirigh Mr Toland as COGS i Samhain 2017). Ba é Mr Anthony Duggan an Stiúrthóir Riaracháin, ba é Mr Darren Wright an Stiúrthóir Imscrúduithe agus bhí Ms Niamh McKeague i gCeannas ar Ghnóthaí Dlíthiúla.

Buailtear lucht an Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le chéile uair sa mhí, seachas mí Lúnasa, chun a chúraimí a chomhlíonadh(Breathnaigh i dTábla A ar an sceideal do chruinnithe  a bhí ar siúl i 2017). Tá sé de dhualgas air a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le ceaduithe sa réimsí seo a leanas; líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin na foirne.[2]

Anuas air sin, ní mór don gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a Ráitis Straitéise a cheadú go rialta agus tuarascálacha bliantúla agus cúntais a sholáthar.

Maidir leis an ról, na freagrachtaí agus na hoibleagáidí reachtúla atá ag Coimisiún an Ombudsman, ní mór dó:

- rath COGS a chur chun cinn trí stiúradh a ngíomhartha;agus,
- treoir straitéiseach a sholáthar agus maoirseacht a dhéanamh ar COGS agus é i mbun a chuid feidhmeanna tarmligthe;agus,
- breathnú siar ar agus treoir a thabhairt do phleananna móra, bearta bainistíocht riosca agus nósanna imeachta, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, agus, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí i dtaca le caiteachas caipitil, agus,
- gníomhú go heiticiúil agus ar bhonn a bhfuil bunús eolais leis, gníomú de mheon macánta, go dícheallach cúramach, agus ar mhaithe le leas COGS, faoi réir na gcuspóirí a leagann an Rialtas síos; agus,
- forbairt agus inniúlacht COGS a chur chun cinn, cumas na bainistíochta agus na foirne araon, agus,
- bainistíocht shinsear a choinneáil freagrach as a bhfeidhmeanna agus freagrachtaí tarmligthe a chur i ngcrích go héifeachtach.

## AIRGEADAS

Maoinítear COGS trí dheontas bliantiúil atá á mhaoiniú ag an Vótáil ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.  I é Ard-Rúnaí na Ranna an tOifigeach Cuntasaíochta don gCoimisiún.

Cuireann Alt 77 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ceanglas ar Choimisiún an Ombudsman na gnáthchuntais chuí d'airgead a fuair agus a chaith sé a thaifeadadh. Ní mór dóibh na cúntais a choineáil, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcomhar le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad an Cathaoirleach agus an tOifigeach cuntasaíochta atá freagraach as cúntais COGS a ullmhú.

Ní meastar go bhféadann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí nó a Choiste Rioscaí agus Iniúchtaí féin a bhunú de bharr a thomhas. Tar éis

1 Alt 65 an Achta an Gharda Síochána 2005 arna leasú
2 I gcomhar leis An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Airgeadais de réir alt 71 an Achta

cead an Aire agus na Ranna a fháil, cuireadh socruithe malartacha i bhfeidhm chun rochtain ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta na Ranna a sholáthar do COGS. Anuas air sin, tá COGS faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistean agus maoirsíonn Oifigeach Bainistithe Rioscaí agus Grúpa Monatóireachta Bainistíocht Rioscaí an próiseas inmheánach de bhainistíocht rioscaí a dhéantar.

Léiríonn Tábla B caitheachas COGS i 2017. Dáileadh €1 milliún sa bhreis do COGS, císte speisialta chun tabhairt faoin imscrúdú i dtaca le líomhaintí gur cealaíodh go mícheart Fhógraí Muirear Seasta (FCNs).

An 29 Samhain 2017, chuir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an tAire ar an eolas gur cinneadh deireadh a chur leis an imscrúdú sin. An phríomhchúis b'údar leis an gcinneadh sin ná go gcuireadh atheagar ar Chóras Próiseála na Muirear Seasta ó fuarthas na tarchuir bhunaidh. Theip ar an bhfeachtas soláthair aon soláthraí seirbhíse cuí a aimsiú
chun cabhairt a thabhairt don imscúdú laistigh den mbuiséad tairmligthe.

Maidir le caiteachas ginearálta, bhí ar COGS íoc as obair cothabhála san bhfhoirgnimh a bhí bhunriachtanach agus a raibh costas €120,000 air.

I measc na gcostas bhí na cinn ag baint le bunú Aonaid na Nochtuithe Cosanta i COGS agus an t-airgead a caitheadh ar fhoireann speisialta a bhí curtha le chéile chun cúntais Choláiste an Gharda i dTeampeall Mór a imscrúdú.

Mar thoradh ar athbhreithniú cíosa a tharla bhí árdú cíosa €34,000 ar fhoirgneamh COGS i 150 Sráid na Mainstreach Uachtaraí, Baile Átha Cliath 1. Don chéad uair i 2017 bhí costais chíosa ag baint lena oifig i gCorcaigh. Roimhe sin, sholáthair Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) áitreamh don bhfoireann, ach ag deireadh 2016 bhog COGS go foirgneamh a fuair sé ar cíos sa ghearrthréimhse. Meastar go méadódh an costas arís i 2018 tar éis dó léas a shíniú chun oifig nua a ligean.

**Tábla A:** Dátaí a raibh Coimisinéirí, an Cathaoirleach an tÓnórach Breitheamh Mary Ellen Ring, Mr Kieran Fitzgerald agus Mr Mark Toland, Stiúrthóir Riaracháin Mr Anthony duggan, Stiúrthóir Imscrúduithe Mr Darren Wright, Ceannaire na nGnóthaí Dlíthiúla Ms Niamh McKeague i láthair. Bhí an Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe Mr. Garret Croke i láthair ó am go chéile.

| Dátaí | a raibh Coimisinéirí/Stiúrthóirí/Ceannaire na nGnóthaí Dlíthiúla i láthair | |
|---|---|---|
| 24 Eanáir 2017 | An tOnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Mark Toland<br>Mr. Anthony Duggan | Mr Darren Wright<br>Ms Niamh McKeague |
| 14 Eanáir 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Mark Toland<br>Mr. Anthony Duggan | Mr Darren Wright<br>Ms Niamh McKeague |
| 21 Márta 2017 | An tOnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Mark Toland<br>Mr. Anthony Duggan | Mr Darren Wright<br>Ms Niamh McKeague |
| 11 Aibreán 2017 | Mr. Kieran Fitzgerald<br>Mr. Mark Toland | Mr Anthony Duggan<br>Mr Darren Wright |
| 9 Bealtaine 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring,<br>Mr. Kieran Fitzgerald<br>Mr. Mark Toland | Mr Anthony Duggan<br>Mr Garrett Croke<br>Ms Niamh McKeague |
| 13 Meitheamh 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Kieran Fitzgerald,<br>Mr Mark Toland | Mr Garrett Croke<br>Ms Niamh McKeague |
| 11 Iúil 2017 | An tOnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring,<br>Mr Kieran Fitzgerald | Mr Anthony Duggan<br>Mr Darren Wright |
| 6 MF 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Kieran Fitzgerald,<br>Mr Mark Toland | Mr Anthony Duggan<br>Mr Darren Wright<br>Ms Niamh McKeague |
| 10 DF 2017 | An tOnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Kieran Fitzgerald,<br>Mr Mark Toland | Mr. Anthony Duggan,<br>Mr Garrett Croke<br>Ms Niamh McKeague |
| 14 Samhain 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Kieran Fitzgerald | Mr Darren Wright<br>Ms Niamh McKeague |
| 12 Nollaig 2017 | An tÓnórach Breitheamh<br>Mary Ellen Ring<br>Mr. Kieran Fitzgerald | Mr Anthony Duggan<br>Mr Darren Wright |

**Tábla B:** Caiteachas i 2017

| Catagóir | An BunBhuiséad | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | €5,782,300 | **A01 - Pá & Liúntais** | **€5,187,124.62** |
| Costais Neamhphá | €3,794,300 | A02 - Taisteal & Liúntas cothaithe | €95,565.72 |
| | | A03 - Costais Theagmhasacha | €996,096.36 |
| | | A04 - Costas poist Seirbhísí Teileachumarsáide | €64,570.24 |
| | | A05 - Trealamh Oifige &Office Soláthairtí Oifige agus Eile | €785,909.67 |
| | | A06 - Oifig & Áitreamh Speansais | €1,639,224.77* |
| | | A07 - Comhairleacht | €0 |
| | | A08 - Caiteachas Taighde | €0 |
| | | **Iomlán na gCostas Neamhphá** | **€3,581,366.76** |
| Iomlán a leathdháileadh don mbuiséad 2017 | €9,576,600 | **Iomlán an Chaitheachais** | **€8,768,491.38** |

*Cuimsíonn an figiúr €22,500 - costas cíosa na hoifige i gCorcaigh. Tá baill foirne COGS suite san Longfoirt in oifigí a bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí ina úinéir orthu.

**Notes:**
- Níor iniúch an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na figiúirí a luaitear anseo.
- Ní léirítear sa tábla thuas an leithghabháil i gcabhair a fuair COGS arb ionann é agus €234,961.97 i 2017.

## TÁILLÍ NACH MBAINEANN LE TUARASTAL

Níor íocadh aon táille den gcineál sin do chomaltaí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i 2017.

## LUCHT BAINISTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

Iomlán na dtuarastal a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána as - €509,581.

## CONSULTANCY COSTS

Cuimsítear sa costais comhairleachta costas a bhaineann le comhairle a fuair an bhainistíocht agus ní chuimsítear gnáthfheidhmeanna gnó atá seachfhoinsithe. Bhí an costas iomlán do 2017 €156,631.

**Tábla C:** Miondealú na Sochar Fostaí:

| | Líon na mBall | |
|---|---|---|
| Raon Ó-Go | 2017 | 2016 |
| €60,000 - €69,999 | 17 | 18 |
| €70,000 - €79,999 | 7 | 7 |
| €80,000 - €89,999 | 3 | 5 |
| €90,000 - €99,999 | 2 | – |
| €100,000 - €109,999 | – | – |
| €110,000 - €119,999 | 1 | – |
| €120,000 - €129,999 | 2 | 1 |
| €130,000 - €139,999 | 1 | 2 |

**Ráiteas maidir le córas inmheánach rialaithe pointe rialúcháin a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá dualgas ar Choimisiún Ombudsman An Gharda Síochána chun a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha. Tá an Coimisiún sásta go bhfuil na córais a bhfuil i bhfeidhm aige cuí i ndálaí an Choimisiúin ag féachaint dá thomhas, leibhéal caiteachais, acmhainní daonna agus dá chineál oibríochtaí.

Chuir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i gcrích chun a bheith cinnte go ndearna sé cíoradh ar achan ghné maidir le bainistíocht riosca agus rialú inmheánach do 2017 agus go bhfuair sé úrcheadú don tuarascáil bhliaintiúil agus ráitis airgeadais. Síneoidh comhaltaí an Choimisiúin an t-athbhreithniú agus cuirfear chuig na hiniúchóirí seachtracha é nuair a bheidh iniúchadh ráitis airgeadais COGS ar siúl go luath i 2018.

Athraíodh an timpeallacht oibríochta ina bhfeidhmíonn Coimisiún an Ombudsman go suntasach, go háirithe mar thoradh ar na forbairtí maidir le todhchaí na póilíneachta in Éirinn agus de bharr gur bunaíodh Coimisiún chun plean a fhorbairt don Rialtas maidir leis seo.

Na príomhrioscaí a d'éirigh as sin:

- Neamhchinnteacht i leith ról COGS
- Neamhchinnteacht i leith chúram COGS amach anseo.
- An gá le hathruithe reachtaíochta
- An gá le tuilleadh acmhainní chun cúraimí reatha agus na cinn atá le teacht a bhainistiú.
- An gá le neamhspleáchas d'áisíneachtaí maoirseachta a neartú agus le níos mó féinriail a thabhairt do COGS mar phríomháisíneacht mhaoirseachta na bpóilíní.

Bhí an Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) an-ghníomhach i monatóireacht na rioscaí agus, déileáileann sé leis na rioscaí a nochtadh le linn 2017 a oiread agus is féidir i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin.

I 2017 ní raibh aon laige mhór rialuithe.

Tá an Coimisiún sásta i gcoitinne go bhfuil an córas inmheánach rialaithe maith go leor chun cinnteacht dhóthanach a sholáthar agus go gcuirtear i bhfeidhm na rialuithe sin agus n-athbhreithnítear iad i gcaoi éifeachtach.

Sínithe ag: Mary Ellen Ring


An tOnórach Breitheamh Mary
Ellen Ring, Cathaoirleach

# AGUISÍN 2: PRÓIFIL NA NGEARÁNACH I 2017

Léirítear sna cairteachta thíos próifil na ndaoine a rinne gearán chuig COGS i 2017. Tá na sonraí sin bunaithe ar shuirbhé a cuireadh chuig gach gearánach nuair a osclaítear an gearán sa chéad ásc. Thug 29% de ghearánacha (líon na ngearánach: 572) freagra ar an suirbhé i 2017. Níor ghá ainmneacha a thabhairt leis na freagraí.


**Rinneadh slánú chun slánuimhreacha a fháil.*

## Cairt 10: Inscne





- Fireann (66%)
- Baineann (31%)
- Gan Freagra (3%)

## Cairt 11: Aois





- 0-17 (2%)
- 18-30 (17%)
- 31-40 (26%)
- 41-50 (25%)
- 51-60 (15%)
- 61+ (12%)
- Gan Freagra (3%)

## Cairt 12: Náisúntacht





- Éireannach (79%)
- Briotanach (5%)
- AE (4%)
- Gan Freagra (3%)
- Pólannach (2%)
- Afracach (2%)
- Eile (2%)
- Áiseach (1%)
- Meiriceánach (1%)

## Cairt 13: Tír bhreithe





- Is ionann sin agus náisiúntacht (86%)
- Eile (9%)
- Gan Freagra (5%)


## **Cairt 14:** Eitneacht





## **Cairt 16:** Míchumas





## **Cairt 15:** Céadtheanga




## **Cairt 17:** Reiligiún




## **Cairt 18:** Tithíocht





- Úinéir (40%)
- Cíosóir (37%)
- Eile (9%)
- Aoi (5%)
- Gan freagairt (5%)
- Gan dídean (3%)

## **Cairt 19:** An leibhéal is airde d'Oideachas




- Triú leibhéal (44%)
- Meánscoil (36%)
- Bunscoil (9%)
- Gan freagairt (6%)
- Eile (3%)
- níl aon oideachas foirmiúil orthu (2%)

## **Cairt 20:** Fostaíocht





- Fostaithe (33%)
- Neamhfhostaithe (19%)
- Féin-fhostaithe (15%)
- Ar scor (8%)
- Eile (7%)
- Gan a bheith ar fáil le haghaidh oibre (7%)
- Gan freagairt (6%)
- Mac Léinn/Duine faoi oiliúint (5%)

# AGÚISÍN 3: PRÓIFIL NA NGARDAÍ A NDEARNADH GEARÁIN FÚTHÚ I 2017


Sna cairteanna thíos taispeántar próifíl an gharda a ndearnadh gearán faoi i líomhaintí ar glacadh leo in 2016, nuair a bhíodh ar an eolas faoi aitheantais na ngardaí (céim agus inscne).

**Rinneadh slánú chun slánuimhreacha a fháil.*

**Cairt 21:** Inscne na mBall den Gharda Síochána i líómhaintí ar glacadh leo i 2017




**Cairt 22:** Céim na mBall den Gharda Síochána i líomhaintí ar glacadh leo i 2017



# AGUISÍN 4: DEARCAÍ AN PHOBAIL

## MODHEOLAÍOCHT


Úsáideadh an córas Omnibus chun an obair allamuigh a dhéanamh idir an 1 – 13 Feabhra 2018, obair ina ndearnadh suirbhéanna duine-le-duine faoi iompraíocht agus tuairimí (Baraiméadar). Rinneadh amhlaidh chun suirbhé 2016 a dhéanamh idir an 15 – 25 Eanáir 2016. Rinneadh an tsuirbhé i 2013 trí chóras Omnibus teileafóin (TeleBharaiméadar) idir an 3 – 15 Nollaig 2013.

Cuireadh faoi agallamh 1,002 duine fásta agus rinneadh an próiseas agallaimh trí 63 pointe samplála an tsuirbhé. Laistigh de gach pointe samplála, roghnaíodh na freagróirí ar bhonn rialuithe cuóta a bhaineann le hinscne, aois agus aicme sóisialta laistigh den réigiún - chun a chinntiú go bhfuil microscóim de dhaoine fásta na tíre ann. Bhí rialuithe cuóta bunaithe ar staitisticí an Daonáirimh is déanaí.


## PRÍOMHTHORTHAÍ

- Deir beagnach ochtar as gach deichniúr n-Éireannach fásta gur chuala siad faoi Choimisiún an Ombudsman(COGS)
- Creideann beagnach seisear as deichniúr gurb é ról Choimisiún an Ombudsman gearáin faoi ghardaí a imscrúdú.

**Tuiscint ar Ombudsman an Gharda**
Bonn: Daoine fásta go léir - 971





**Tuiscint ar Ról Ombudsman an Gharda**
Bonn: Daoine fásta go léir - 1.002




- Creideann seachtar as deichniúr de dhaoine fásta go soláthraíonn Ombudsman an Gharda seirbhís thábhachtach
- Creideann seisear as deichniúr de dhaoine fásta, má tá fadhb acu, chaithfeadh Ombudsman an Gharda go macánta leo.
- Cuireadh breis agus leath na bhfreagróirí in iúl go raibh muinín acu i gcumas Ombudsman an Gharda teacht ar réitigh d'fhadhbanna


**An Solátraíonn Ombudsman an Gharda Seirbhís Thábhachtach?**
Bonn: Daoine fásta go léir – 1,002




**Muinín i gCothrom Ombudsman an Gharda Síochána**
Bonn: Daoine fásta go léir – 1,002





**Muinín i gCumas Ombudsman an Gharda chun teacht ar Réitigh**
Bonn: Daoine fásta go léir – 1,002




- Ar an iomlán, tá tuairim an phobail dearfach i dtaca le Ombudsman an Gharda, aontaíonn ceathrar as cúigear go ndéanann COGS na Gardaí níos cuntasaí dá ngníomhartha agus go bhfeabhsaítear an chaoi a dhéileáileann Gardaí le comhaltaí an phobail dá bharr sin. Aontaíonn seachtar as deichniúr leis an ráiteas go dtéann sé i mbun a chuid oibre ar bhealach éifeachtach agus aontaíonn seisear as a deichniú go bhfaigheann cáiníocóirí luach a gcuid airgid.

**Aontas le ráitis maidir leis an Ombudsman - seachas níl a fhios aige/aici**
Bonn: Daoine fásta go léir - seachas daoine atá idir dhá chomhairle





**Tuairim faoin Ombudsman mar chuid den Gharda Síochána**
Bonn: Daoine fásta go léir seachas daoine atá idir dhá chomhairle





(Seachas daoine atá idir dhá chomhairle)

Tá cuma ar an scéal go bhfuil muinín sa Gharda Síochána ag méadú de réir an tsuirbhé. Tá na leibhéil is airde de mhuinín (léiríonn ochtar as deichniúr muinín éigin nó an-mhuinín) in inniúlacht na seribhíse chun seribhís chuirtéiseach a sholáthar, chun imscrúdu a dhéanamh agus chun iarratais chabhrach a fhreagairt nuair atá imeacht éigeandála ar siúl. Mhéadaigh muinín i gcumas an Gharda Síochana dul i ngleic le gearáin i gcoinne ghardaí go suntasach ó rinneadh an suirbhé i Nollaig 2013 (bhí muinín éigin nó an-mhuinín ag 40% an uair sin) agus ó rinnead an suirbhé i bhFeabhra 2018 (bhí muinín éigin nó an-mhuinín ag 56% an uair sin).


**Muinín i ngnéithe inniúlacht an Gharda Síochána**
Bonn: Daoine fásta go léir - 1,002




**Leibhéal Idirghníomhaíochta an Gharda le linn na 12 Mhí dheireanacha**
Bonn: Daoine fásta go léir - 1.002



**Sásacht maidir leis an idirghníomhaíocht is deireanaí**
Bonn: Gach ceann i dteagmháil le Garda - 207



Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Garda Síochána Ombudsman Commission
150 Abbey Street Upper
Dublin 1

(01) 871 6700
Lo-Call 1890 600 800
(01) 814 7026
www.gardaombudsman.ie
info@gsoc.ie
@gardaombudsman